

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí
Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies
Regulatory Authority



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025



Clár Ábhair

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach.....	2
Cé Muid Féin.....	4
Earnáil CTC.....	8
Straitéis ÚRCTC 2025-2028	10
2025 Go hAchomair	12
Clárú CTCanna.....	14
Creat Rialála.....	17
Maoirseacht Rialála.....	21
Clár Measúnuithe.....	28
Comhlíonadh agus Forfheidhmiú	33
Tionchar Rialála.....	35
Cumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara.....	38
Rochtain ar Fhaisnéis agus Comhlíonadh Sonraí	43
Rialú ar ÚRCTC.....	46
Acmhainní Daonna.....	54
Aguisín A: Ráitis Airgeadais 2025	57

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach



Tá ról ag earnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) atá ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí maidir le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar in Éirinn. Tá rialáil na hearnála tábhachtach chun dearbhú a thabhairt don rialtas, do pháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne go ndéantar sócmhainní atá maoinithe le hairgead poiblí a bhainistiú i gceart agus go ndéantar leasanna tionóntaí a chosaint. Leagtar amach sa tuarascáil seo an dóigh a bhfuil ÚRCTC ag cur rialáil reachtúil i bhfeidhm anois ar scála mór le léargas agus tionchar níos doimhne.

Ó thosaigh sé ag obair in 2021, tá córas rialála reachtúil bunaithe ag ÚRCTC atá bunaithe ar chlárú CTCanna, monatóireacht ar an earnáil agus measúnú ar oibriú na CTCanna aonair i gcomparáid le caighdeán rialachais, bainistíochta airgeadais, bainistíochta sócmhainní agus bainistíochta tionóntachta. Tá ÚRCTC páirteach go gníomhach freisin i dtreoir agus oiliúint a chur ar fáil do CTCanna chun comhlíonadh na gcaighdeán sin a fheabhsú.

Tá fianaise shoiléir ann go bhfuil dul chun cinn déanta. Tá feasacht á léiriú ag formhór na CTCanna maidir lena n-oibleagáidí rialála agus tá siad ag plé ar bhealach cuiditheach le ÚRCTC. Tá neamhchomhlíonadh ina fhadhb fós i gcodanna den earnáil, agus cuireann ÚRCTC cur chuige rialála struchtúrtha agus comhréireach i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt air sin. Tá rannpháirtíocht leanúnach, pleananna comhlíontachta foirmiúla, agus measúnuithe leantacha á n-úsáid chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a sainaithearnódh laistigh de thréimhsí ama sainithe.

Cuid thábhachtach d'obair ÚRCTC in 2025 ba ea an obair a bhí mar thoradh ar a chéad imscrúdú reachtúil. Le linn na bliana, cuireadh córas monatóireachta chun feidhme, le tacaíocht ó shaineolaithe neamhspleácha, chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh gníomhaíochtaí feabhsúcháin. Léirítear leis sin fócas ÚRCTC ar a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar rioscaí a shainaithearnítear agus go bhfillfidh eagraíochtaí ar na rialacha a chomhlíonadh arís go tráthúil agus go héifeachtach.

Neartaíodh trédhearcacht le linn na bliana trí thorthaí measúnaithe agus faisnéis a bhaineann le comhlíonadh ar

an gClár CTCanna a fhoilsiú. Tugtar níos infheictheachta leis sin ar dhul chun cinn agus ar réimsí a bhfuil feabhas ag teastáil ina leith agus is gné thábhachtach é de chóras rialála atá ag aibíú. Tá an tuarascáil bhliantúil ar an Anailís Earnála ina ráiteas tábhachtach anois maidir le dul chun cinn agus sláinte fhoriomlán na hearnála.

Léirítear leis na forbairtí sin le chéile go bhfuil an córas rialála bunaithe go maith anois agus go bhfuil tionchar intomhaiste aige.

Ag féachaint chun cinn, cuirfear an chéad chéim eile maidir le baint amach Straitéis ÚRCTC 2025-2028 i gcrích in 2026. Díreofar ar thionchar na rialála a neartú, lena n-áirítear cleachtas rialála a leabú ar bhealach níos comhsheasmhaí ar fud na hearnála, rannpháirtíocht spriocdhírthe bunaithe ar mheasúnú riosca a neartú agus ionchais rialála do CTCanna a shoiléiriú tuilleadh trí threoir atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí monatóireachta, measúnaithe agus imscrúdaitheacha ÚRCTC. Más gá, cuirfidh ÚRCTC a chumhachtaí i bhfeidhm ar bhealach comhréireach tráthúil chun aghaidh a thabhairt ar réimsí inní agus neamhchomhlíontachta.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, chomh maith le hoifigigh sa Roinn as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht leanúnach le linn na bliana. Aithnímid an tiomantas agus an mhaoirseacht a sholáthraíonn Bord ÚRCTC a bhfuil a dtreoir fós lárnach i bhforbairt agus i rialachas na heagraíochta. Ar deireadh, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do dhíograis agus do ghairmiúlacht fhoireann ÚRCTC, a raibh a gcuid oibre le linn na bliana rithábhachtach maidir le cuspóirí na heagraíochta a chur chun cinn.




Eddie Lewis
Cathaoirleach




Fergal O'Leary
POF

Cé Muid Féin




Cé Muid Féin

Feidhmeanna ÚRCTC

Tugadh sainordú do ÚRCTC faoin Acht Tithíochta (Rialáil Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe), 2019 ("an tAcht")¹ Creat Rialála a bhunú agus a chur chun feidhme² d'earnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe. Áirítear ar chumhachtaí reachtúla an Rialálaí clárú CTCanna, Caighdeáin a leagan síos do CTCanna, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na gCaighdeán agus an Achta, agus de réir mar is gá, cumhachtaí forfheidhmiúcháin a úsáid, i gcomhréir leis an Acht.

Tá feidhmeanna sonracha ag ÚRCTC, ina ról mar Rialálaí, faoin Acht, is iad sin:



Fíor 1. Feidhmeanna ÚRCTC

¹ Féach <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/act/47/enacted/en/html>

² Féach <https://www.ahbregulator.ie/for-ahbs/regulatory-framework/>

Cé Muid Féin

Fís, Misean, agus Luachanna

Ár bhFís

Is é ár bhfís earnáil a bheith ann ina léirítear CTCanna dea-chleachtas sna réimsí rialachais, airgeadais, maoine agus bainistíochta tionóntachta agus a sholáthraíonn tithe ardchaighdeáin dá dtionóntaí.



Ár Misean

Is é ár misean an tithíocht a sholáthraíonn agus a bhainistíonn CTCanna a chosaint, trí rialáil éifeachtach.



Luachanna ÚRCTC



Rachaimid i mbun gnó le hionracas, ar mhaithe lena chinntiú go gcloímid go seasta lenár prionsabail



Rachaimid i mbun maoirseacht rialála ar bhealach **neamhspleách** **cuí cothrom**



Beimid **cuntasach agus trédhearcach** le linn cinntí a dhéanamh




Oibreoidimid le príomhpháirtithe leasmhara ar bhealach **comhoibríoch**



Déanfaimid ár ndícheall ag iarraidh **nuálaíocht** a bhaint amach le linn dúinn rialacháin a chur i bhfeidhm

Cé Muid Féin

Foireann Feidhmiúcháin ÚRCTC



Earnáil CTC



Earnáil CTC

Is eagraíochtaí neamhspleácha neamhbhrabúis iad CTCanna (ar a dtugtar comhlachais tithíochta agus comhlachais tithíochta dheonacha freisin) a bhfuil sé de chúram orthu, i measc rudaí eile, tithíocht a sholáthar agus a bhainistiú do theaghlaigh a bhfuil tithíocht de dhíth orthu. Áirítear leis sin tithíocht riachtanas ginearálta, cóiríocht do shainghrúpaí amhail daoine scothaosta nó daoine gan dídean, agus tithíocht le tacaíochtaí comhtháite dóibh siúd a bhfuil sainriachtanais sláinte nó míchumais acu.

Ar an 1 Eanáir 2025, bhí 438 CTC cláraithe le ÚRCTC faoi fhorálacha an Achta. Faoi 31 Nollaig 2025, bhí 427 CTC fós ar Chlár CTC, tar éis 11 chlárúchán a chealú faoi Ailt 57 agus 59 den Acht. Féadfaidh CTCanna iarratas a dhéanamh ar chealú a stádais CTC faoi Alt 57 den Acht. Tugann Ailt 58 agus 59 den Acht cumhacht do ÚRCTC clárú CTCanna a chealú i gcúinsí sonracha. Baineadh CTC amháin faoi alt 32 den Acht chun teacht le ceartúchán ar an gClár. Cláraíodh eagraíocht amháin mar CTC in 2025.

Tá Clár ÚRCTC de CTCanna ar fáil lena fheiceáil ar shuíomh gréasáin³ ÚRCTC agus áirítear ann faisnéis faoi na CTCanna sin atá bainte den chlár.

Tá raon suntasach ó thaobh méide, scála, maoinithe agus samhlacha seachadta ag CTCanna. Áirítear leis an earnáil:

- **CTCanna Móra agus Meánmhéide** a bhfuil stoc tithíochta suntasach a bhainistíonn siad.
- **CTCanna Cúraim agus Tacaíochta**, nach bhfuil soláthar tithíochta mar phríomhfhócas acu.
- **CTCanna Beaga agus Micrea** a bhfuil líon mór acu ach a bhainistíonn níos lú áitribh i gcomparáid.

Is sa chomhthéacs sin a leanann ÚRCTC dá Chreat Rialála comhréireach agus riosca-bhunaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

3 Féach <https://www.ahbregulator.ie/registration/the-register/>

Comhthéacs Rialála

Straitéis ÚRCTC 2025-2028

D'fhoilsigh ÚRCTC a Ráiteas Straitéise do 2025-2028 an 6 Nollaig 2024.⁴ D'fhaomh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an Straitéis agus cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í.

Is é seo an dara ráiteas straitéiseach ó ÚRCTC agus leagtar amach ann fíis agus tosaíochtaí an Rialálaí don chéad trí bliana eile. Agus an straitéis á tógáil ar na boinn atá leagtha síos go dtí seo, díreann inti ar an gcóras rialála a neartú, éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil an eagraíocht ullmhaithe chun freagairt do rioscaí atá ag teacht chun cinn agus d'fhorbairtí reachtacha.

Cuireadh bonn eolais faoin Straitéis le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus léirítear taithe ÚRCTC go dtí seo maidir le rialáil na hearnála, lena n-áirítear na rioscaí, na dúshláin agus na réimsí forbartha a sainiú trína gníomhaíochtaí rialála.

Sna trí bliana atá amach romhainn, tabharfaidh ÚRCTC tús áite do na príomhréimsí seo a leanas:

- Cur le hathléimneacht na hearnála CTC trí rialachán a leabú.
- Muinín agus iontaobh in ÚRCTC a chur chun cinn trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara.
- Tacú le comhlíontacht agus éifeachtúlacht trína chuid oibríochtaí a fheabhsú.
- A acmhainn eagraíochtúil laistigh de thimpeallacht chuimsitheach, atá á treorú ag luachanna a fhorbairt.

⁴ Féach <https://www.ahbregulator.ie/ahbra-publishes-statement-of-strategy-for-2025-2028/>

Cuspóirí Straitéiseacha ÚRCTC

1

**Cur le Seasmhacht na hEarnála
CTC trí Rialachán a Leabú**



2

**Muinín agus iontaoibh san ÚRCTC
a chur chun cinn trí Rannpháirtíocht
le Páirtithe Leasmhara**



3

**Tacú le Comhlíontacht agus
Éifeachtúlacht trí Oibríochtaí
ÚRCTC a Fheabhsú**



4

**Acmhainn Eagraíochta an ÚRCTC laistigh
de Thimpeallacht lonchuimsitheach, atá
á treorú ag Luachanna a fhorbairt**



2025 Go hAchomair

Foilsíodh gach toradh Measúnaithe ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.

An chéad chlárú rathúil de CTCanna nua.

Foilsíodh an Chéad Fhógra Neamhchomhlíontachta in 2025.

Tionóladh sraith seimineáir ghréasáin ar Chaighdeáin CTCanna.

Foilsíodh Treoir Nuashonraithe faoi Imeachtaí Infhógartha.

Bhain sé CTC comhlíonadh amach i dtoradh measúnaithe in 2025 i ndiaidh dóibh a bheith neamhchomhlíontach roimhe sin.

Rinneadh measúnú ar 20 CTC in 2025 – soláthraíonn na CTCanna sin 38% de na háitribh CTC go léir.

Peirspictíocht Rialála



Ba bhliain thábhachtach í 2025 i bhforbairt leanúnach rialála reachtúla na hearnála CTCanna. I ndiaidh na príomhghnéithe a bhunú sna blianta roimhe seo, tá ÚRCTC ag oibriú anois laistigh de thimpeallacht rialála níos aibí. Is iad seo a leanas tréithe na céime sin:

- Rannpháirtíocht agus feasacht mhéadaithe ar fud na hearnála.
- Tuairisciú níos comhsheasmhaí ar rioscaí agus ar shaincheisteanna, cé nach bhfuil sé aonfhoirmeach go fóill.
- Ionchais maidir le comhlíontacht á gcur in iúl go soiléir.
- Gníomh rialála níos struchtúrtha i gcás nach gcomhlíontar Caighdeáin.

Mar thoradh air sin, tá feabhsuithe inbhraite maidir le comhlíonadh agus infheictheacht níos fearr á bhfeiceáil ag ÚRCTC anois ar réimsí ina bhfuil gá le comhlíonadh a neartú tuilleadh, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil gá le hidirghabháil rialála.

Cé gur léir go bhfuil dul chun cinn déanta, níl sé comhsheasmhach ar fud na hearnála go fóill, agus tá gá fós le béim leanúnach ar rialachas, ar mhaoirseacht airgeadais agus ar chleachtais tuairiscithe a neartú.

Is é ról ÚRCTC a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar neamhchomhlíonadh ar bhealach struchtúrtha agus comhréireach. Forbraíodh pleananna do 2026 chun forbairt acmhainne a mhéadú ar fud na hearnála, ionchais rialála a shoiléiriú tuilleadh agus, i gcás inar gá, gníomh rialála a dhéanamh.

Clárú CTCanna



Clárú CTCanna

Leasuithe Reachtaíochta

I ndiaidh thosach feidhme fhorálacha sonracha Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2024, rinneadh gach CTC ar an gClár CTCanna ó mhí na Samhna 2024 a chlárú go foirmiúil le ÚRCTC. Mar thoradh air sin, rinne an fhoireann Clárúcháin athbhreithniú iomlán agus nuashonrú ar na beartais agus na nósanna imeachta uile a bhaineann le clárú agus cealú in 2025.

Méadaíodh an fhaisnéis ar an gClár CTCanna in 2025 chun an méid seo a leanas a chuimsiú:

- Ainmneacha na stiúrthóirí, i gcás gur cuideachta é an CTC.
- Ainmneacha chomhaltaí an choiste bainistíochta, i gcás gur cumann cláraithe nó cara-chumann é an CTC.
- Ainmneacha na n-iontaobhaithe i gcás gur iontaobhas carthanachta é an CTC.
- Ainmneacha chomhaltaí an bhoird rialaithe i gcás gur comhlachas neamhchorpraithe é an CTC.
- Uimhir thagartha na hOifige um Chlárú Cuideachtaí agus an Uimhir Charthanais Chláraithe, más infheidhme.

D'fhoilsigh an fhoireann Clárúcháin ábhar treorach don earnáil freisin agus thionóil siad seimineár gréasáin do CTCanna chun na leasuithe reachtaíochta agus tionchar na leasuithe sin ar CTCanna a leagan amach. D'fhreastail os cionn 120 duine ar an seimineár gréasáin, a tionóladh i mí an Mhárta 2025.

Clár na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

I gcomhréir lena fheidhmeanna reachtúla, tá ÚRCTC freagrach as an gClár CTCanna a bhunú agus a choinneáil ar bun agus as eagraíochtaí a chlárú mar CTCanna. Déanann an fhoireann Clárúcháin laistigh d'ÚRCTC an obair seo. Tá Clár na CTCanna ar fáil go poiblí agus is féidir teacht air ar shuíomh gréasáin ÚRCTC⁵.

I ndiaidh thosach feidhme Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024, mhéadaigh ÚRCTC an fhaisnéis a fhoilsiú sé ar an gClár CTCanna. Tá an fhaisnéis seo a leanas faoi gach CTC cláraithe cuimsithe anois sa Chlár CTCanna:

- Ainm an CTC.
- An uimhir chlárúcháin.
- Dáta an chlárúcháin.
- An príomháit ghnó.
- Ainmneacha na stiúrthóirí i gcás cuideachta, ainmneacha chomhaltaí an choiste bainistíochta i gcás gur cumann cláraithe nó cara-chumann é an CTC, agus ainmneacha iontaobhaithe i gcás gur iontaobhas é an CTC agus ainmneacha chomhaltaí an chomhlachta rialaithe i gcás gur comhlachas neamhchorpraithe é an CTC.
- An cineál eintitis.
- Uimhir na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (más infheidhme).
- An Uimhir Charthanais Chláraithe (más infheidhme).

I ndiaidh Measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gCaighdeán maidir le CTCanna, má fuair an CTC toradh 'Neamhchomhlíontach - Gníomh Reachtúil ag Teastáil', agus go ndeachaigh sé isteach i bPlean Comhlíontachta, déanfar iontráil ar an gClár CTCanna faoi Chuid 4 den Acht. Beidh sonraí achoimre ar na bearta a ghlac an CTC nó a bhfuil sé beartaithe aige iad a ghlacadh san iontráil sin chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí neamhchomhlíontachta a saináithníodh le linn an Mheasúnaithe ar na Caighdeáin.

Mura gcuireann CTC plan comhlíontachta isteach nó má dhiúltaíonn ÚRCTC do phlean comhlíontachta, eiseoidh ÚRCTC fógra maidir le neamhchomhlíonadh faoi Chuid 4 den Acht agus cuirfidh sé na sonraí sa Chlár CTC. Bhí cúig iontráil bhreise a bhain le Pleananna Comhlíontachta foilsithe ar an gClár CTCanna le linn 2025.

Critéir Cháilitheachta

Ní mór d'aon eagraíocht atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar chlárú mar CTC cloí leis na critéir incháilitheachta do CTCanna. Tá na critéir incháilitheachta leagtha amach in alt 25 den Acht agus áirítear leo an ceanglas a bheith ina cheann de roinnt cineálacha sainiúla eagraíochta, chomh maith le ceanglais maidir le bunreacht an CTC, amhail an príomhchuspóir, nach mór a chomhlíonadh faoin Acht. Tá faisnéis a bhaineann le hincháilitheacht ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC⁶.

⁵ Féach <https://www.ahbregulator.ie/registration/the-register/>

⁶ Féach <https://www.ahbregulator.ie/registration/eligibility-registration/>

Clárú CTCanna

Clárúchán

Moltar d'aon eagraíocht atá ag smaoineamh ar iarratas a dhéanamh chun clárú mar CTC athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta agus teagmháil a dhéanamh le ÚRCTC chun a n-iarratas a phlé.

I gcás ina ndéanann eagraíocht teagmháil le ÚRCTC faoi chlárú, cuirfidh an fhoireann Clárúcháin faisnéis agus treoir ar fáil maidir leis na critéir incháilitheachta agus an próiseas clárúcháin.

Bhuail ÚRCTC le cúig eagraíocht chun a spéis i gclárú mar CTC a phlé le linn 2025.

Phróiseáil ÚRCTC cúig iarratas ar chlárú le linn 2025, agus cuireadh dhá cheann acu sin isteach sa dara cuid de 2024.

Deonaíodh iarratas ar chlárú mar CTC d'eagraíocht amháin agus cuireadh ar an gClár CTCanna í an 25 Iúil 2025.

Diúltaíodh d'iarratas ar chlárú de chuid eagraíochta amháin mar nár chomhlíon sí na critéir incháilitheachta.

Tharraing trí eagraíocht a n-iarratais siar i ndiaidh réamh-rannpháirtíocht agus scagadh a rinne ÚRCTC. Sa scagadh sin, cuireadh béim ar na réimsí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an diúltú agus soláthraíodh roghanna don iarratasóir, lena n-áirítear an deis an t-iarratas a tharraingt siar ionas go mbeadh an t-iarratasóir ábalta aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin.

Cealú

Féadfaidh aon CTC iarratas a dhéanamh chun a stádas CTC a chur ar ceal faoi Alt 57 den Acht. Ní mór d'aon CTC ar mian leo a chlárú a chur ar ceal foirm iarratais a chomhlánú agus an fhaisnéis riachtanach go léir a sholáthar do ÚRCTC. Is gnách go gceanglóidh ÚRCTC ar CTC a bhfuil iarratas ar chealú á dhéanamh aige faisnéis leordhóthanach agus fianaise shásúil a sholáthar chun go mbeidh ÚRCTC ábalta a iarratas ar chealú a mheas, lena n-áirítear cóipeanna d'fhógraí do na páirtithe ábhartha.

Le linn 2025, dheonaigh ÚRCTC ceithre iarratas chun clárú mar CTC a chur ar ceal i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar iarratas an CTC agus i ndiaidh dul i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla ábhartha.

I gcás ar leith, le linn 2025, bhain ÚRCTC seacht CTC den Chlár CTCanna faoi Alt 59 den Acht lena ndéantar foráil maidir le díchlárú i gcás inar scor CTC de bheith ann trí dhíscaoileadh nó ar shlí eile.

Tá eolas faoi Chlár maidir le Cealú ÚRCTC ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.⁷



⁷ Féach <https://www.ahbregulator.ie/registration/cancellation-of-ahb-status/>

Creat Rialála




Creat Rialála

Le Creat Rialála uileghabhálach ÚRCTC, bunaítear a chur chuige riosca-bunaithe maidir le rialáil CTCanna. Ionchorpraíonn sé misean, fíis, luachanna agus cuspóirí straitéiseacha ÚRCTC. Tá cur i bhfeidhm ÚRCTC ar rialáil riosca-bhunaithe deartha lena áirithiú go bhfuil a chur chuige rialála oiriúnach, tomhaiste agus comhréireach.

Áirítear le Creat Rialála ÚRCTC clárú CTCanna, na Caighdeáin do CTCanna, maoirseacht rialála, measúnuithe i gcoinne Chaighdeáin CTC, oideachas agus treoir, cur chun cinn agus feachtas ar an Acht, agus bailiú agus foilsiú faisnéise, de réir mar is iomchuí.

Tugann an léaráid thíos léiriú ar eilimintí Chreat Rialála ÚRCTC.



Fíor 2. Creat Rialála ÚRCTC

In 2025, lean ÚRCTC ag bogadh ó bhunú a Chreata Rialála go dtí a chur i bhfeidhm gníomhach agus a mhionchoigeartú. Mar gheall ar mhéid suntasach sonraí ó mhaoirseacht, monatóireacht agus measúnuithe a chomhtháthú, tá cur chuige níos spriocdhíríte agus níos bunaithe ar riosca á éascú, rud a chinntíonn go ndírítear iarracht rialála ar na réimsí lena mbaineann riosca níos mó agus idirghabháil níos tráthúla a éascú.


Caighdeáin le haghaidh CTCanna

Ceanglaítear ar gach CTC cloí le Caighdeáin ÚRCTC a foilsíodh i mí Feabhra 2022. Tá ceithre Chaighdeán ann agus baint acu le:

- CTCanna a rialú.
- Bainistiú airgeadais agus tuairisciú na CTCanna.
- Bainistiú maoine agus sócmhainní na CTCanna.
- Bainistiú tionóntachta na CTCanna.

Leis na caighdeáin sin atá bunaithe ar thorthaí, éascaítear solúbthacht agus aithnítear éagsúlacht laistigh den earnáil CTCanna. Cuireann siad ar chumas CTCanna a gcur chuige i leith toradh caighdeán ar leith a léiriú agus a fhianaise a thabhairt, agus iad ag aithint go bhfuil seachadtaí iníoctha éagsúla ag CTCanna bunaithe ar nádúr, scála agus castacht a ngníomhaíochtaí.

Cuireann ÚRCTC treoir ar fáil freisin maidir le cur i bhfeidhm gach ceann de na ceithre Chaighdeán, lena n-áirítear sainmhínithe soiléire ar na téarmaí a úsáidtear, mar aon le samplaí de conas an Caighdeán ábhartha a chomhlíonadh. Tá an treoir seo beartaithe chun cabhrú le CTCanna na torthaí riachtanacha a thuiscint agus treoir shaincheaptha a sholáthar do chatagóirí éagsúla CTCanna maidir leis an mbealach is fearr chun comhlíonadh a léiriú agus a méid, a scála agus a samhlacha oibriúcháin éagsúla á gcur san áireamh. Foilsítear na Caighdeáin agus na treoidhoiciméid ghaolmhara ar shuíomh gréasáin ÚRCTC⁸.



Fíor 3. Caighdeáin ÚRCTC le haghaidh CTCanna


⁸ Féach <https://www.ahbregulator.ie/for-ahbs/about-the-standards/>

Struchtúr Roinne ÚRCTC

Soláthraítear rialáil ÚRCTC ar an earnáil trí roinnt rannóga idirnasctha ar fud na heagraíochta; Maoirseacht Rialála agus Cumarsáide, Clárú agus Measúnú, agus Dlí agus Comhlíonadh.

Comhlíonann gach feidhm ról ar leith, ag iad ag le cur chuige comhordaithe, riosca-bhunaithe i leith rialála. Cuireann faisnéis agus léargas a ghintear trí

ghníomhaíochtaí maoirseachta bonn eolais faoi roghnú agus fócas measúnuithe, agus cuireann measúnuithe agus próisis rialála eile ionchur i monatóireacht leanúnach, rannpháirtíocht agus, más gá, gníomhartha rialála. Tacaíonn an cur chuige comhtháite sin le cur i bhfeidhm cuimsitheach agus comhsheasmhach rialála ar fud na hearnála.



Fíor 4. Struchtúr Eagrúcháin ÚRCTC

Maoirseacht Rialála



Maoirseacht Rialála

Tá an fhoireann Maoirseachta Rialála freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gCaighdeán do CTCanna agus an Achta ag CTCanna. Déanann sé é sin trí fhaisnéis a fhaightear trí roinnt bealaí, lena n-áirítear an Clár Monatóireachta Bliantúil, Imeachtaí Infhógartha, Ábhair Imní, agus trína chaidreamh le comhlachtaí reachtúla agus rialála eile.

Déantar anailís ar gach faisnéis a fhaightear faoi CTCanna agus úsáidtear í chun rioscaí laistigh de CTCanna aonair agus treochtaí laistigh den earnáil agus ar leibhéal CTCanna aonair a shainaithint.

Ceanglaítear ar gach CTC Foirm Monatóireachta Bhliantúil (FMB) a chur isteach chuig ÚRCTC. Bailítear sa tuairisceán sin faisnéis ar fud réimsí tábhachtacha, lena n-áirítear; rialachas, bainistíocht airgeadais, bainistíocht réadmhaoine agus sócmhainní, agus bainistíocht tionóntachta. Tá cineál agus leibhéal na faisnéise atá ag teastáil i gcomhréir le méid, scála agus castacht an CTC.

Is saincheisteanna, imeachtaí nó athruithe ábhartha, suntasacha nó eisceachtúla laistigh de CTC iad Imeachtaí Infhógartha. Ceanglaítear ar CTCanna fógra a thabhairt do ÚRCTC faoi imeachtaí den sórt sin i gcomhréir leis an Acht agus le treoir ábhartha.

Déileáiltear mar Ábhar Imní rialála le faisnéis a fhaigheann ÚRCTC ina dtugtar le fios go bhféadfadh sé go bhfuil neamhchomhlíonadh an Achta nó na gCaighdeán i gceist. Déantar measúnú ar na hÁbhair Imní sin agus, i más iomchuí, beidh siad faoi réir tuilleadh rannpháirtíocht nó gníomhaíocht rialála.

Tá tuilleadh sonraí faoi na próisis rialála sin leagtha amach thíos.

Leis na sásraí maoirseachta sin le chéile, soláthraítear tuiscint chuimsitheach atá ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí do ÚRCTC ar phróifíl riosca CTCanna aonair agus ar threochtaí ar fud na hearnála araon. Cuirtear bonn eolais leis sin maidir le tús áite a á thabhairt ag ÚRCTC do rannpháirtíocht rialála agus, más gá, do ghníomh rialála.

Léirítear le hinathraitheacht i gcleachtais tuairiscithe agus i dtorthaí measúnaithe CTCanna, cé go bhfuil rialáil reachtúil dea-bhunaithe anois, go bhfuil cur i bhfeidhm comhsheasmhach ar fud na hearnála fós ag forbairt.



Imeachtaí Infhógartha

Ceanglaítear ar CTCanna faoin Acht na saincheisteanna nó na himeachtaí sin a chur in iúl do ÚRCTC agus tá Treoirleint maidir le hImeachtaí Infhógartha foilsithe ag ÚRCTC chun cuidiú le CTCanna an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Áirítear le hImeachtaí Infhógartha cúrsaí a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go gcuirfeadh siad bagairt ar chobhsaíocht, ar éifeachtúlacht, ar oibríochtaí nó ar inmharthanacht ghinearálta an CTC, go mbainfeadh saincheisteanna clú leo nó go rachadh siad i gcion ar an stádas mar CTC. Téann fógra luath faoi shaincheisteanna nó imeachtaí den sórt sin chun tairbhe don eagraíocht, toisc go gcuidíonn sé le ÚRCTC na rioscaí féideartha atá roimh CTC a thuiscint.

Ina theannta sin, leagtar amach san Acht achair ama shonracha ina bhfuil sé de dhualgas ar CTC fógra a thabhairt do ÚRCTC faoi imeachtaí áirithe. Áirítear leo sin, mar shampla:

- I gcás nach gcomhlíonann eagraíocht na critéir incháilitheachta maidir le bheith ina CTC a thuilleadh.
- Iarratais a bhaineann le clárú cuideachta a scríosadh de.
- Cealú clárúcháin mar chumann cláraithe nó mar chara-chumann.
- Cúlghairm stádais mar iontaobhas carthanais.
- Cealú clárúcháin mar chumann carthanachta.
- Fógra Feabhsúcháin a fháil ó Údarás Áitiúil.
- Fógra Toirmisc a fháil ó Údarás Áitiúil.



Déanann ÚRCTC athbhreithniú agus anailís ar fhaisnéis a fhaightear trína Phróiseas Imeachtaí Infhógartha. Glacann sé cur chuige riosca-bhunaithe comhréireach chun an teagmhas a mheas agus freagairt rialála iomchuí a chinneadh. Chun dearcadh iomlánaíoch a chinntiú, breathnaítear ar fhaisnéis a fhaightear faoi Imeacht Infhógartha i gcomhthéacs ábhair eile atá ag ÚRCTC cheana, lena n-áirítear sonraí a fhaightear tríd an gClár Monatóireachta Bliantúil, Imeachtaí Infhógartha roimhe seo, torthaí ó Ábhair Imní ón gclár Measúnaithe agus faisnéis foinse oscailte.

I mórán cásanna, d'fhéadfadh ÚRCTC a bheith sásta go bhfuil straitéis nó plan gníomhaithe cuí curtha i bhfeidhm ag an CTC, agus nach mbeidh gá le haon soiléiriú nó beart eile. I gcásanna eile, féadfaidh ÚRCTC tuilleadh eolais nó dearbhuithe a lorg nó gníomh rialála eile a dhéanamh, má mheastar go bhfuil gá leis.

Is fiú a thabhairt faoi deara nach measann ÚRCTC gur léiriú é fógra faoi imeacht ar aon mhí-iompar ar thaobh an CTC. Ina áit sin, le fógra faoi imeachtaí, éascaítear cur chuige comhoibríoch i leith rialála ionas gur féidir le ÚRCTC monatóireacht a dhéanamh ar an earnáil go réamhghníomhach, treochtaí a aithint, agus riarachán agus bainistíocht níos fearr ar eagraíochtaí a spreagadh agus a éascú.

Sonraí Imeachta Infhógartha

Tá feasacht agus tuiscint na foirne Maoirseachta Rialála ar phróiseas na nImeachtaí Infhógartha i measc CTCanna ag méadú i gcónaí. Le hanailís ar an bhfaisnéis a soláthraíodh trí phróiseas na nImeachtaí Infhógartha, sainithníodh roinnt treochtaí coitianta ar fud na hearnála, rud a chuidigh leis an bhfoireann réimsí a bhfuil níos mó teorach ag teastáil uathu a


shainaithint agus uirlisí oideachais do CTCanna a fhorbairt. Cuidíonn Sonraí faoi Imeachtaí Infhógartha le bonn eolais a chur faoi aon obair oideachais a dhéanann ÚRCTC freisin. Foilsíodh forléargas ar shonraí Imeachtaí Infhógartha ar shuíomh gréasáin ÚRCTC ar bhonn ráithiúil in 2025.

Fuair an fhoireann Maoirseachta Rialála 368 Imeacht Infhógartha san iomlán ón mbliain 2022-2025, agus fuarthas 98 díobh sin sa bhliain 2025. Déanann ÚRCTC príomhfhócas na nImeachtaí Infhógartha a chatagóiriú i gcomhréir leis na ceithre Chaighdeán maidir le CTCanna, agus ba é Bainistíocht Maoine agus Sócmhainní an phríomhfhócas ba choitianta sna himeachtaí a fuarthas in 2025, agus bhí 42% i gceist leo sin.

Bhain formhór na nImeachtaí Infhógartha a fuarthas in 2025 go príomha le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta nó lochtanna réadmhaoine, agus ina dhiaidh sin plananna chun sócmhainní a aistriú chuig CTC eile, nó chun cumascadh le CTC eile. Chonacthas méadú suntasach, áfach, ar líon na nImeachtaí Infhógartha a bhain le Bainistíocht Réadmhaoine agus Sócmhainní a tuairiscíodh in 2025 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024 (2024 = 18%).

Tá an méadú sin ar imeachtaí Bainistíochta Réadmhaoine agus Sócmhainní inchurtha den chuid is mó i leith feasacht níos mó ar thaobh na CTCanna maidir le 'fógraí feabhsúcháin' agus 'fógraí toirmisc' nach mór a thuairisciú do ÚRCTC, faoi cheann seacht lá ón uair a gheobhaidh CTC an tordú. Phléigh ÚRCTC go réamhghníomhach leis an earnáil chun feasacht a mhúscailt faoi oibleagáidí CTCanna maidir le himeachtaí den sórt sin a thuairisciú le linn 2025. Cuireadh ÚRCTC ar an eolas freisin faoi roinnt aistrithe sócmhainní nó cumaisc fhéideartha sa chéad leath de 2025.

Léiríonn an tábla thíos fócas na nImeachtaí a fuair ÚRCTC ó mhí Eanáir 2022.



Tábla 1. Príomhfhócas na nImeachtaí Infhógartha 2022-2025

Léiríodh le hanailís ar shonraí a fuarthas trí phróiseas na nImeachtaí Infhógartha, cé go bhfuair ÚRCTC líon suntasach d'Imeachtaí Infhógartha a tuairiscíodh ó cuireadh tús leis an gclár, nár thuairiscigh ach 35% de CTCanna na himeachtaí sin.

Is é seo a leanas an cion d'Imeachtaí Infhógartha a fuarthas in 2025 in aghaidh chatagóir an CTC:

- 36% ó CTCanna Móra
- 30% ó CTCanna C&S
- 24% ó CTCanna Meánmhéide
- 5% ó CTCanna Beaga
- 5% ó Mhicrea-CTCanna

Sonraí faoi Imeachta Infhógartha

Léirítear leis an méadú ar Imeachtaí Infhógartha, go háirithe i mBainistíocht Réadmhaoine agus Sócmhainní, feabhas ar rannpháirtíocht ag CTCanna agus teacht chun cinn saincheistanna a dteastaíonn aird rialála ina leith.

Cé go bhfuil imeachtaí ábhartha á sainaitheint agus á dtuairisciú ag líon atá ag méadú de CTCanna, léirítear le hanailís ÚRCTC nach bhfuil an tuairisciú comhsheasmhach ar fud na hearnála go fóill, agus go bhfuil cion de CTCanna ann nach gcomhlíonadh na ceanglais maidir le fógra a bhfuiltear ag súil leo.

Go háirithe, tá a fhios ag ÚRCTC nár thug roinnt CTCanna fógra faoi imeachtaí áirithe i gcomhréir le treoirlínt ÚRCTC maidir le hImeachtaí Infhógartha. Faigheann ÚRCTC eolas faoi chúrsaí den sórt sin trína ghníomhaíochtaí cláir rialála agus óna rannpháirtíocht le rialtóirí agus comhlachtaí stáit eile.

Tugtar tús áite i gcónaí d'aghaidh a thabhairt ar an neamhréireacht sin. Leanfaidh ÚRCTC le hionchais maidir le tuairisciú tráthúil agus iomlán a neartú, ag aithint go mbraitheann maoirseacht rialála éifeachtach ar cháilíocht agus ar iomláine na faisnéise a fhaightear.

Tá cumarsáid bhreise leis an earnáil in 2026 á pleanáil ag an bhfoireann Maoirseachta Rialála chun béim a leagan ar na ceanglais rialála a bhaineann le hImeachtaí Infhógartha a chur isteach agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh. Foilsíodh treoir nuashonraithe maidir le hImeachtaí Infhógartha agus roinneadh í leis an earnáil le linn 2025.

Bhí an fhoireann Maoirseachta Rialála i mbun rannpháirtíochta go fairsing le roinnt CTCanna le linn 2025, chun imeachtaí lena léirítear leibhéil arda riosca laistigh den earnáil a thuiscint agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Ba éard a bhí i gceist leis an rannpháirtíocht sin cruinnithe le roinnt comhaltaí de Bhord CTCanna agus feidhmeannaigh CTCanna chun dearbhú a fháil maidir leis na

gníomhaíochtaí a rinne na CTCanna sin chun rioscaí imeachtaí nó gníomhaíochtaí áirithe a bhainistiú.

Is uirlis rialála rithabhachtach do ÚRCTC é próiseas na nImeachtaí Infhógartha agus is cuid thábhachtach é de mhaoirseacht rialála fhoriomlán ÚRCTC.

Tá gach treoir dhoiciméad agus foilseachán maidir le hImeachtaí Infhógartha ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC⁹.



Ábhair Imní

Féachann ÚRCTC le rialachas níos láidre, bainistíocht agus tuairisciú airgeadais, bainistíocht réadmhaoine agus sócmhainní, agus bainistíocht tionóntachta ag CTCanna a chur chun cinn, agus fócas ar an infheistíocht phoiblí shuntasach atá á déanamh maidir le soláthar tithíochta sóisialta ag CTCanna a chosaint.

Baineann Ábhar Imní do ÚRCTC le neamhchomhlíonadh féideartha CTC maidir leis an Acht, lena n-áirítear neamhchomhlíonadh féideartha maidir leis na Caighdeáin. Tá cead ag duine ar bith údar imní a tharraingt anuas le ÚRCTC faoi CTC, lena n-áirítear comhaltaí boird CTC, fostaithe nó oibrithe deonacha, daoine den phobal, tionóntaí, tríú páirtithe, ionadaithe poiblí, comhlachtaí maoinithe nó údarais eile.

Breithníonn an fhoireann Maoirseachta Rialála gach ábhar imní a fhaightear; ní dhéantar beart foirmiúil, áfach, maidir le gach ábhar a thugtar faoina bhráid. Cinntíonn cur chuige ÚRCTC atá bunaithe ar riosca go ndírítear acmhainní ar na háiteanna ina bhfuil na rioscaí díobhála, cleachtais neamhshábháilte, rialachas lag, nó mí-iompar is mó. Cuidíonn sé le ÚRCTC freisin na réimsí a aithint ina gcreideann sé go mbeidh an tionchar is mó ag oideachas, treoir nó idirghabháil.

Tá próiseas na nÁbhar Imní ina chuid de mhaoirseacht rialála fhoriomlán ÚRCTC agus is cuid lárnach dá chlár monatóireachta é, úsáidtear é chun bonn eolais a chur faoi chlár measúnaithe ÚRCTC, agus faoi ghníomhaíochtaí rialála eile.


Sonraí Faoi Ábhair Imní

Fuair an fhoireann Maoirseachta Rialála 47 ábhar imní idir 2022-2025 agus measadh go raibh siad sin laistigh dá sainchúram maidir le beart a dhéanamh. Fuarthas naoi gcinn díobh sin in 2025.

Bhí rialachas ar an bpríomhábhar Imní a fuarthas in 2025 fós. I measc na nÁbhar Imní a bhaineann le rialachas, tá neamhchomhlíonadh féideartha oibleagáidí dlíthiúla agus reachtúla agus easnaimh i struchtúir rialachais.

⁹ Féach <https://www.ahbregulator.ie/for-ahbs/notifiable-events/>

Léirítear sa tábla thíos fócas na nÁbhar Imní a fuair ÚRCTC ó mhí Eanáir 2022.



Tábla 2. Príomhfhócas na nÚdar Imní 2022-2025

I measc na n-ábhar imní a fuarthas in 2025 bhí atreorú ón Rialálaí Carthanas faoin Meabhrán Tuisceana idir an Rialálaí Carthanas agus ÚRCTC¹⁰, atreorú inmheánach ó phróiseas rialála eile maidir le neamhchomhlíonadh CTC, trí chás ina raibh comhlachtaí nach comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe á gcur iad féin chun tosaigh mar CTCanna agus Ábhar Imní a ardaigh údarás áitiúil i ndáil le neamhthuairisciú Fógraí Feabhsúcháin agus Toirmisc ag CTC.

Cé go bhfuil líon na nÁbhar Imní fós sách íseal, tá cineál na gceisteanna a ardaítear, go háirithe maidir le rialachas, ag treisiú an tábhacht a bhaineann le maoirseacht láidir eagraíochtúil i gcónaí. Leis an léargas sin, cuirtear bonn eolais faoi chur chuige riosca-bhunaithe ÚRCTC agus faoi ghníomhaíochtaí rialála spriocdhírthe.

Tá ÚRCTC tiomanta do chabhrú le CTCanna oibriú i dtreo comhlíontachta agus leanfaidh siad de bheith ag foilsiú doiciméad treorach de réir mar is iomchuí. Chun cabhrú le CTCanna a n-oibleagáidí a thuiscint agus a chomhlíonadh, tá doiciméid threorach agus staidéir cháis foilsithe ag ÚRCTC atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRCTC¹¹.

Feidhmíonn na doiciméid seo mar uirlisí foghlama luachmhara do gach CTC, ag cur cleachtais fheabhsaithe agus comhlíonadh rialála chun cinn ar fud na hearnála.

Gearáin faoi CTCanna

Faigheann an fhoireann Maoirseachta Rialála gearáin faoi CTCanna, agus déantar cuid acu a ardú mar ábhair Imní. I gcás ina dtagann gearán faoi CTC lasmuigh de shainchúram rialála ÚRCTC, cuirfidh an

fhoireann Maoirseachta Rialála comhairle nó treoir chuí ar fáil don duine a chuir an gearán isteach. Mar shampla, má dhéileálann comhlacht rialála eile leis an gceist ar bhealach níos oiriúnaí, treoróidh an fhoireann an duine aonair chuig an eagraíocht sin.

Fuair an fhoireann Maoirseachta Rialála 45 gearán faoi CTCanna in 2025, agus géaraíodh cúig cinn acu sin mar Ábhair Imní. Bhí 40 gearán lasmuigh de chúram rialála ÚRCTC agus atreoraíodh an gearánach.

I gcás inar réasúnta agus iomchuí é, moltar Imní nó gearáin faoi CTCanna a ardú go díreach leis an CTC ar an gcéad dul síos. I go leor cásanna, ligfidh sé seo don CTC an Imní nó an gearán a réiteach. Éilíonn Caighdeán Bainistíochta Tionóntachtaí CTCanna ar gach CTC próiseas gearán a bheith i bhfeidhm ina leagtar amach go soiléir a chur chuige maidir le láimhseáil gearán, lena n-áirítear conas is féidir le tionóntaí gearán a dhéanamh, conas a dhéileálfar leis an ngearán agus cad iad na próisis ardaithe a d'fhéadfadh a bheith ann.

Is uirlis rialála luachmhar eile do ÚRCTC an fhaisnéis a fhaigheann ÚRCTC trí Imní agus gearáin a ardaítear faoi CTCanna. Cuireann sé ar a chumas tuiscint níos fearr a fháil ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn laistigh de CTCanna agus ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn do thionóntaí CTCanna freisin.

A bhuí leis an bhfaisnéis sin, is féidir le ÚRCTC cur chuige riosca-bhunaithe a úsáid chun na gníomhaíochtaí rialála is iomchuí a cheapadh chomh maith le cláir oideachais agus rannpháirtíochta ÚRCTC.

¹⁰ Féach <https://www.ahbregulator.ie/ahbra-signs-mou-with-charities-regulator/>

¹¹ Féach <https://www.ahbregulator.ie/information-guidance/guidance-documents/>



Clár Monatóireachta Bhliantúil

Tá Clár Faireacháin Bhliantúil ÚRCTC i bhfeidhm ón mbliain 2022. Tá cuspóir dúbailte ag an gclár monatóireachta. Ar an gcéad dul síos, is uirlis riachtanach í do ÚRCTC chun rioscaí féideartha a bhaineann le CTC nó le hearnála a aithint, a mheas agus a mhonatóiriú. Ar an dara dul síos, tugann sé deis do ÚRCTC raon leathan faisnéise tábhachtaí a bhailiú faoi gach CTC rud a éascaíonn foilsiú sonraí cuimsitheacha ar an earnáil ar bhonn bliantúil. Go sonrach, déantar anailís agus meastóireacht ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn CTCanna le:

- Bonn eolais a chur faoi chláir réamhbheartaithe.
- Réimsí riosca agus treochoí comhchoiteanna a shainaithint ar fud na hearnála.
- Oideachas agus treoir a chur in oiriúint do CTCanna.
- An Clár CTCanna a thabhairt cothrom le dáta le faisnéis áirithe.
- Bonn eolais a chur faoi fhoilseacháin ÚRCTC, lena n-áirítear an Anailís Earnála Bhliantúil¹².

Athbhreithniú ar Chlár Monatóireachta Bhliantúil ÚRCTC.

Sula rachadh an Clár Monatóireachta Bhliantúil isteach ina cheathrú bliain, mheas ÚRCTC gur tráthúil é athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chláir go dtí seo agus réimsí lena bhfeabhsú tuilleadh a mholadh. I Meán Fómhair 2025, cheap ÚRCTC saineolaí neamhspleách chun an tathbhreithniú sin a dhéanamh i ndiaidh próiseas tairisceana. Bhí sé mar aidhm leis an athbhreithniú:

- Anailís agus measúnú a dhéanamh ar dhearadh agus ar phróisis an Chláir Monatóireachta Bhliantúil.
- Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Monatóireachta Bhliantúil maidir lena chuspóirí luaite a bhaint amach (m.sh., bonn eolais a chur faoi mheasúnuithe, rioscaí a shainaithint, treoir a chur in oiriúint, léargas earnála a sholáthar).
- Measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht agus ar éifeachtúlacht an ualaigh reatha maidir le bailiú sonraí ar CTCanna.

Áiríodh le measúnú an chláir comhairliúcháin le foireann ÚRCTC agus comhairliúcháin sheachtracha le roinnt CTCanna, agus le príomhpháirtithe leasmhara más cuí. Cuireadh cuid de na moltaí ón measúnú sin i bhfeidhm laistigh de Chlár Monatóireachta Bhliantúil 2025 agus breithneofar cuid eile lena gcur chun feidhme sna blianta atá amach romhainn.

I gcomhthráth leis an athbhreithniú, rinne ÚRCTC an cinneadh amlíne an Chláir Monatóireachta Bhliantúil a leasú. Ó 2022 i leith, ceanglaítear ar CTCanna an Fhoirm Monatóireacht Bhliantúil (FBM) a chur ar ais faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair gach bliain. Chun an próiseas maidir le sonraí a sholáthar do ÚRCTC do na CTCanna a chuíchóiriú, cinneadh an tréimhse tuairiscithe a athrú chun Eanáir go Nollaig gach bliain a chlúdach. Ghlac an earnáil go maith leis na hamlínte athraithe maidir le bailiú sonraí.

Bhí fócas an chláir fós ar fhaisnéis iomlán agus chruinn a bhailiú ó CTCanna. In 2025, meabhraíodh arís do CTCanna a bhfreagracht as cruinneas agus iomláine a gcuid faisnéise a chinntiú.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, thug ÚRCTC treoir mhionsonraithe do CTCanna maidir lena n-iaratas FBM a chomhlánú trí sheimineáir ghréasáin a reáchtáil agus treoir dhoiciméid a chruthú. In 2025, i ndiaidh aiseolas a fháil ón earnáil, cruthaíodh físeáin acmhainní agus rannóg Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin ÚRCTC chun cuidiú le CTCanna na foirmeacha a chomhlánú freisin. Tá na hacmhainní ar fad ar fáil am ar bith ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.¹³



Mainneachtain cloí le Treoir faoi Alt 36 a bhaineann leis an gClár Faireacháin Bhliantúil

Tugann alt 36 den Acht cumhacht dhlíthiúil don Rialálaí chun a ordú do CTCanna faisnéis agus taifid áirithe a sholáthar do ÚRCTC, i gcás ina bhfuil sé den tuairim go bhfuil an fhaisnéis nó na taifid riachtanach chun críche chomhlíonadh a fheidhmeanna.

¹² Féach <https://www.ahbregulator.ie/information-guidance/publications/>

¹³ Féach <https://www.ahbregulator.ie/for-ahbs/monitoring/>

Tar éis chríoch an Chláir Monatóireachta Bhliantúil in 2025, d'eisigh ÚRCTC treoracha reachtúla faoi Alt 36 den Acht chuig na CTCanna sin nár chuir isteach an FBM riachtanach agus cóip dá ráitis airgeadais is déanaí. Leis na treoracha reachtúla sin, cuirtear iallach dlíthiúil ar CTCanna na doiciméid amuigh.

Mura gcloítear leis an treoir sin, foilseofar ainm an CTC ar shuíomh gréasáin ÚRCTC¹⁴ agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gníomh rialála breise mar thoradh air. Tá ainmneacha aon CTC nár chomhlíon an treoir seo faoi Alt 36 den Acht a bhaineann leis an gClár Monatóireachta Bhliantúil 2025 foilsithe ar a shuíomh gréasáin ag ÚRCTC.

Bíonn an Fhoireann Maoirseachta Rialála i mbun rannpháirtíocht fhaairsing le CTCanna trí gach ceann dá próisis rialála. Tá feasacht mhéadaithe mar gheall air seo ar ról ÚRCTC, a riachtanais rialála agus na Caighdeáin do CTCanna. Tá feabhsuithe soiléire feicthe ar a chuid oibre maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ar fud earnáil na CTCanna i measc CTCanna aonair agus ar bhonn uile-earnála araon.

De réir mar a leanann an Clár Monatóireachta Bhliantúil ag aibíú, tá sé ag éirí níos tábhachtaí mar cholún de shamhail rialála ÚRCTC i gcónaí. Le feabhsuithe ar cháilíocht agus ar chomhsheasmhacht sonraí, tá feabhas á chur ar chumas ÚRCTC rioscaí a shainaithint, gníomhaíochtaí a chur in ord tosaíochta agus léargas fiúntach earnála a sholáthar.

Taighde Próifilithe Earnála ÚRCTC

I mí na Samhna 2025, chuir ÚRCTC tús le tionscadal taighde ar shonraí earnáil na tithíochta sóisialta.

Is é is cuspóir don taighde sin tuiscint níos fearr a fháil ar neamhréireachtaí sonraí a thagann chun cinn i measc eagraíochtaí laistigh den earnáil tithíochta, ar dócha gurb iad sainmhíneithe agus freagrachtaí reachtúla difriúla, modheolaíochtaí comhairimh agus cuir chuige aicmithe dhifriúla is cúis leo. Soláthrófar leis an taighde sin léargas níos cruinne agus níos comhsheasmhaí ar ghníomhaíocht ÚRCTC, rud atá ríthábhachtach do ghníomhaíochtaí maoirseachta rialála ÚRCTC.

Tá ÚRCTC ag comhoibriú ar an obair sin le roinnt páirtithe leasmhara laistigh den earnáil tithíochta lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, an Ghníomhaireacht Tithíochta, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, agus Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta.

Táthar ag súil go bhfoilseofar an tuarascáil chríochnaitheach in 2026.

14 Féach <https://www.ahbregulator.ie/for-ahbs/monitoring/>

Clár Measúnuithe



Clár Measúnuithe

De réir Alt 38 den Acht, féadfaidh ÚRCTC measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh CTC na gCaighdeán ceadaithe.

Bunaítear leis na Caighdeáin sraith torthaí nach mór do CTCanna a bhaint amach chun a léiriú go bhfuil a n-oibleagáidí reachtúla á gcomhlíonadh acu. Tá na Caighdeáin bunaithe ar thorthaí, rud a cheanglaíonn ar CTCanna a léiriú conas a mbaintear na torthaí sin amach i gcleachtas agus fianaise a thabhairt ina leith.

Le Clár Measúnuithe ÚRCTC, cuirtear cur chuige comhréireach, riosca-bhunaithe i bhfeidhm atá oiriúnaithe do shaintréithe sonracha gach CTC, lena n-áirítear a mhéid, a scála, a struchtúr rialachais agus castacht a ghníomhaíochtaí. Agus é sin á dhéanamh aige, measann ÚRCTC ní hamháin an bhfuil beartais agus próisis i bhfeidhm, ach freisin cé chomh héifeachtach agus atá siad á gcur chun feidhme agus atá siad ag feidhmiú i gcleachtas. Cinntítear leis an gcur chuige sin go mbeidh measúnuithe bunaithe ar réaltacht oibríochtúil gach eagraíochta.



Measúnú a dhéanamh

In 2025, chuir an fhoireann measúnaithe 20 measúnú ar CTCanna i gcrích agus d'eisigh siad 17 bhfógra measúnaithe eile chuig CTCanna.

Éilítear leis an bpróiseas Measúnaithe ar CTCanna Tuairisceán Measúnaithe a chomhlánú ina n-áirítear ceisteanna maidir leis an gcaoi a léiríonn an eagraíocht comhlíonadh ar fud na gCaighdeán CTC go léir. Ceanglaítear ar an CTC freisin doiciméid shonracha a bhaineann leis an tréimhse mheasúnaithe a chur isteach agus an rogha aige ábhar breise a sholáthar a mheasann sé a bheith ina fhianaise ar a chomhlíonadh le linn na tréimhse sin.

Nuair a bheidh Fógra Measúnaithe eisithe, buailfidh foireann measúnaithe ÚRCTC leis an CTC chun an próiseas measúnaithe a mhíniú ar bhealach níos mionsonraithe agus chun aon dúshlán shonracha atá os comhair an CTC a thuiscint. Beidh an deis ag an CTC plé a bheith aige le ÚRCTC ag céim ar bith le linn an phróisis mheasúnaithe.

Is éard a bhí sna Measúnuithe a cuireadh i gcrích in 2025 meascán de chatagóirí éagsúla CTC agus trasghearradh suntasach den earnáil.

Catagóir CTC	Sainmhíniú	An líon CTCanna a ndearnadh measúnú orthu	Clúdach (áitribh)
Mór	1,000 teach cónaithe nó níos mó	5	21,932
Meánmhéide	Ildir 100 agus 1,000 teach cónaithe	6	2,930
Beag	Ildir 20 agus 100 teach cónaithe	5	152
Micrea	Níos lú ná 20 teach cónaithe	3	32
Cúram agus Tacaíocht	Níos lú ná 1,000 teach cónaithe agus ceann amháin de na critéir seo a leanas i gceist: • Tagann breis agus 50% den teacht isteach ó FSS agus/nó Tusla • Breis agus 200 Coibhéis Fostaí Lánaimseartha • Tá an t-ioncam in aghaidh an tí cónaithe níos mó ná €20,000 • Níl aon teach cónaithe ann ach tá ioncam	1	465

Tábla 3. Catagóirí CTCanna a ndearnadh measúnú orthu in 2025

Agus CTCanna á roghnú le haghaidh Measúnaithe breithníonn ÚRCTC ar na fachtóirí a leanas:


- Próifíl riosca an CTC, lena n-áirítear méid agus pleananna fáis don todhchaí.
- Imeachtaí Infhógartha agus/nó Ábhair Imní a fuarthas.
- Eolas curtha ar fáil sa Chlár Monatóireachta Bliantúil.
- Sampláil randamach ar CTCanna.
- Eolas faighte ó fhoinsí eile.

Agus measúnú á thabhairt chun críche aige, eisíonn ÚRCTC Tuarascáil Mheasúnaithe chuig an CTC. Leagtar amach sa tuarascáil seo torthaí agus moltaí ÚRCTC agus cinntear toradh rialála le haghaidh gach ceann de na ceithre Chaighdeán.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na ceithre thoradh rialála féideartha:

Comhlíontach	Comhlíontach	Comhlíonann CTC na Caighdeáin Rialála do CTCanna
	Comhlíontach maidir le feabhsuithe	Comhlíonann CTC na Caighdeáin Rialála do CTCanna, ach moltar go ndéanfaidh sé feabhsuithe i réimsí áirithe
Neamhchomhlíontach	Neamhchomhlíontach: Ag obair i dtreo comhlíonta	Ní chomhlíonann CTC na Caighdeáin Rialála do CTCanna agus tá sé ag obair chun comhlíonadh a bhaint amach
	Gníomh Reachtúil Neamhchomhlíontach Riachtanach	Ní chomhlíonann CTC na Caighdeáin Rialála do CTCanna, agus tá gníomh reachtúil ag teastáil

Fíor 5. Torthaí an Mheasúnaithe Rialála



Léiríodh leis obair a rinne an fhoireann Measúnuithe le linn 2025 céim shuntasach i gcur i bhfeidhm Chreat Rialála ÚRCTC i gcleachtas. Soláthraíodh torthaí léi ar leibhéal na heagraíochta agus léargas ar dhúshláin choitianta san earnáil.

Torthaí an Mheasúnaithe


As na 20 CTCanna a ndearnadh measúnú orthu in 2025, léirigh ocht gcinn (40%) toradh a bhí 'comhlíontach le feabhsuithe'. Léirigh trí (15%) CTC toradh 'neamhcomhlíontach ag obair i dtreo comhlíontachta'; agus léirigh naoi gcinn (45%) toradh 'neamhcomhlíontach: beart reachtúil ag teastáil'.

Beidh tuilleadh gníomhaíochta mar thoradh ar thorthaí neamhcomhlíontacha mar a leagtar amach sa ghráf thíos.

Léirítear le torthaí na Measúnuithe a rinneadh in 2025 earnáil atá ag comhlíonadh ceanglais rialála ach a bhfuil gá le tuilleadh oibre chun comhlíonadh iomlán a bhaint amach.

Cé nach raibh toradh 'comhlíontach' ar an iomlán bainte amach ag aon CTC, léirigh go leor acu comhlíonadh le feabhsuithe, rud a léiríonn go bhfuil príomhghnéithe i bhfeidhm ach go bhfuil gá le roinnt oibre fós.

Léirítear leis an gcion a bhfuil gníomh reachtúil ag teastáil uathu go bhfuil réimsí ann fós, ag an gcéim seo den fhorbairt rialála, ina bhfuil gá le hidirghabháil rialála níos díri chun comhlíonadh a bhaint amach.



Fíor 6. Gníomhaíochtaí a leanann torthaí an mheasúnaithe

Neamhcomhlíontach: Ag obair i dtreo comhlíontachta

I gcás ina bhfaighidh CTC an toradh seo, ceanglaítear air dul i dteagmháil go réamhghníomhach le ÚRCTC chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar na réimsí sainaitheanta neamhcomhlíontach laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

Tar éis dul i mbun rannpháirtíochta leis an CTC, cinnfidh ÚRCTC amlíne chúil chun athmheasúnú a dhéanamh ar an CTC chun a fháil amach an bhfuil cur chun feidhme na moltaí bainte amach.

Déanfar trí athmheasúnú in 2026 mar thoradh ar thorthaí measúnaithe 2025.

Neamhcomhlíontach: Gníomh Reachtúil Riachtanach

I gcás ina bhfaigheann CTC an toradh seo, tugann sé le fios nach gcomhlíonann sé ceann amháin nó níos mó de na Caighdeáin agus nach bhfuil aon fhianaise ná fianaise neamhleor ann go bhfuil CTC ag obair i dtreo comhlíontachta. Is iondúil gurb é tionscnamh plean comhlíontachta an chéad phointe gníomhaíochta rialála de chuid ÚRCTC tar éis an toraidh sin.

Pleananna Comhlíontachta

Leagtar amach sa phlean comhlíontachta na bearta a rinne CTC nó atá beartaithe aige a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí na tuarascála measúnaithe agus chun comhlíontacht maidir leis na Caighdeáin ábhartha a léiriú.

Is é is cuspóir do na pleananna comhlíontachta arna bhformheas ag ÚRCTC tar éis measúnú a dhéanamh tacú le CTCanna comhlíontachta a bhaint amach trí shraith chomhaontaithe gníomhaíochtaí laistigh de thréimhse shonraithe.

Léireoidh an amlíne/na hamlínte chun comhlíonadh a léiriú na réimsí neamhchomhlíontachta is mó a bhfuil riosca ag baint leo do CTC, dá oibríochtaí agus dá thionóntaí.

Le linn 2025, bhí plean comhlíontachta leanúnach ag trí CTC, chuaigh ceithre CTC isteach i bpleananna comhlíontachta agus ní raibh CTC amháin comhlíontach toisc nár ceadaíodh an plean comhlíontachta a cuireadh isteach.

Fuair ceithre CTC Fógra lenar iarradh plean comhlíontachta a chur isteach faoi dheireadh 2025 (cuirfear iad sin ar aghaidh go 2026). Tá achoimre ar stádas na bpleananna comhlíontachta atá faofa go dtí seo ag ÚRCTC ar fáil ar Chlár CTC ar shuíomh gréasáin ÚRCTC¹⁵.

Ar an iomlán, tá Clár Measúnuithe ÚRCTC gné lárnach de Chreat Rialála ÚRCTC lena soláthraítear léargas ar réimsí coitianta neamhchomhlíontachta maidir leis na Caighdeáin. Chomh maith le saincheisteanna laistigh de CTCanna aonair a mheas agus, más cuí, aghaidh a thabhairt orthu, leis an léargas sin, cuirtear bonn eolais faoi thuiscint ÚRCTC ar rioscaí earnála agus tacaíonn siad le forbairt tionscnamh treorach agus oideachais spriocdhírthe do CTCanna.

Mar shampla, le réimsí neamhchomhlíontachta a sainaitheodh tríd an gclár, cuireadh eolas ar fáil maidir le cur i gcrích sraithe seimíneár gréasáin in 2025, go háirithe do CTCanna beaga agus micrea-CTCanna. Déanfar an clár sin a leathnú go suntasach in 2026, agus díreofar i gcónaí ar thacaíocht a thabhairt do na cohóirt sin.

Tugtar chun suntais sa Chlár Measúnuithe freisin réimse dúshlán atá roimh CTCanna, réimsí a bhfuil difríochtaí eatarthu i gcatagóirí éagsúla na hearnála. Mar shampla, d'fhéadfadh brúnna a bhaineann le rochtain ar mhaoiniú agus fás teacht chun cinn in eagraíochtaí níos mó, agus d'fhéadfadh srianta acmhainne agus rochtain ar shaineolas gairmiúil a bheith níos coitianta in CTCanna níos lú.

Leis an dul chun cinn atá déanta ag go leor eagraíochtaí atá ag dul faoi athmheasúnú agus a bhfuil pleananna comhlíontachta á gcur chun bhfeidhme acu, léirítear tiomantas láidir chun comhlíonadh na gCaighdeán a bhaint amach. Léirítear leis an dul chun cinn sin freisin an luach a bhaineann le córas rialála struchtúrtha maidir le tacú le heagraíochtaí réimsí a bhfuil feabhas ag teastáil ina leith a shainiú agus aghaidh a thabhairt orthu.

Ag an am céanna, le gníomhaíochtaí rialála ÚRCTC, leagtar béim ar chastacht na timpeallachta oibriúcháin atá ag méadú do CTCanna. Cé go bhfuil go leor eagraíochtaí ag freagairt go héifeachtach, tá difríocht i leibhéil acmhainneachta agus inniúlachta na heagraíochta ar fud na hearnála, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an luas ag a bhfuil roinnt CTCanna ábalta comhlíonadh iomlán a bhaint amach.

Neartaítear leis sin an tábhacht a bhaineann le cur chuige rialála comhréireach, riosca-bhunaithe, mar aon le treoir shoiléir, oideachas agus rannpháirtíocht spriocdhírthe.

¹⁵ Féach <https://www.ahbregulator.ie/registration/the-register/>

Comhlíonadh agus Forfheidhmiú



Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Tá cur chuige ÚRCTC maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú bunaithe ar shamhail chéimnithe, riosca-bhunaithe. Is é an príomhchuspóir a chur ar chumas CTCanna agus, más gá, a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad na rialacha; i gcás nach mbaintear é sin amach, áfach, glacfaidh ÚRCTC gníomh rialála comhréireach iomchuí.

Cé go ndearna go leor eagraíochtaí dul chun cinn suntasach maidir leis na Caighdeáin CTC a chomhlíonadh, ní mór do ÚRCTC aghaidh a thabhairt ar chásanna neamhchomhlíonta chun leasanna tionóntaí agus infheistíocht an Stáit san earnáil a chosaint. Chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais an Achta agus na gCaighdeán, déanann ÚRCTC monatóireacht ar chomhlíonadh agus glacann sé bearta chun rialachas, trédhearcacht agus cuntasacht a neartú san earnáil.

Faoi fhorálacha Alt 46 den Acht, féadfaidh an Rialálaí cigire amháin nó níos mó a cheapadh chun imscrúdú reachtúil a dhéanamh ar ghnóthaí CTC, i gcás ina measann sé gur gá déanamh amhlaidh chun críche aon cheann d'fheidhmeanna ÚRCTC.

Ní úsáidtear cumhachtaí cigireachta ÚRCTC ach sna cásanna is tromchúisí agus go dtí seo, ní dhearnadh ach imscrúdú amháin. Sa bhliain 2023, cheap an Rialálaí cigirí chun imscrúdú reachtúil a dhéanamh ar chúrsaí CTC. Tar éis don imscrúdú a bheith críochnaithe, foilsíodh tuarascáil na gcigirí i mí na Nollag 2024. Chun tionóntaí a chosaint agus an eagraíocht a thabhairt chun comhréireachta a luaithe is féidir, rinne ÚRCTC dianmhonatóireacht le linn 2025 chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i gcrích gníomhaíochtaí feabhais soiléire faoi cheangal ama. Ceapadh saineolaithe neamhspleácha chun tacú leis an bpróiseas sin i mí Feabhra 2025.

Cé go bhfuil úsáid cumhachtaí reachtúla teoranta, neartaítear leo ionchais rialála agus coinnítear muinín sa chreat ar bun. Léirítear leis cumas agus toilteanas ÚRCTC gníomhú nuair is gá chun tionóntaí agus infheistíocht phoiblí a chosaint.

Tá eolas faoin imscrúdú agus na torthaí gaolmhara ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC¹⁶.

Tá sé beartaithe ag ÚRCTC doiciméad a fhoilsiú in 2026 ina leagfar amach na ceachtanna a foghlaimíodh ón imscrúdú reachtúil.

¹⁶ Féach <https://www.ahbregulator.ie/compliance/investigations/>

Tionchar Rialála



Tionchar Rialála

Le linn 2025, rinne gníomhaíocht rialála ÚRCTC chun cinn intomhaiste ar leibhéal CTCanna aonair agus ar leibhéal na hearnála araon.

Le 2025, d'fheabhsaigh agus chuíchóirigh ÚRCTC a phróisis rialála. Úsáidtear an fhaisnéis a fhaightear ó na próisis sin, dá réir sin, chun bonn eolais a chur faoi mheasúnaithe amach anseo, chun réimsí riosca agus treohtaí coitianta ar fud na hearnála a shainaithint, chun oideachas agus treoir a chur in oiriúint do CTCanna agus chun ionchur a thabhairt i bhfoilseacháin ÚRCTC.

Chun trédhearcacht a neartú, thosaigh ÚRCTC ag foilsiú thoradh a Measúnuithe Reachtúla ar a shuíomh gréasáin i mí an Mhárta 2025. Cuirtear achoimre ar fáil leis sin ar thoradh an mheasúnaithe de réir an Caighdeáin do pháirtithe leasmhara, agus stádas na gníomhaíochta atá á déanamh ag ÚRCTC i gcás neamhchomhlíonta. Le foilsiú thorthaí measúnaithe agus gníomhaíocht an phlean comhlíontachta, tugtar infheictheacht shoiléir maidir le comhlíonadh agus ar neamhchomhlíonadh araon, rud a thacaíonn le cuntasacht ar fud na hearnála.

Rinne ÚRCTC athmheasúnú ar cheithre CTCanna in 2025 a fuair torthaí neamhchomhlíontacha in 2024 ach a bhí ábalta a léiriú go raibh na moltaí chun feidhme chun comhlíonadh a bhaint amach laistigh de 12 mhí. I gcodarsnacht leis sin, fuarthas nár léirigh ceithre CTC a fuair torthaí neamhchomhlíontacha an bhliain roimhe sin dul chun cinn leordhóthanach agus fuair siad an dara toradh neamhchomhlíonta a raibh plean comhlíontachta mar thoradh air i ngach cás.

Tá an próiseas trédhearcach maidir leis na CTCanna sin a aithint a fuair toradh 'neamhchomhlíontach: gníomh reachtúil ag teastáil' a mbíonn plean comhlíontachta mar thoradh air de ghnáth. Mar a luadh thuas, ag deireadh 2025, chuir naoi CTC tús le plean comhlíontachta a chur chun feidhme nó bhí siad i mbun é a chur chun feidhme chun cur chun feidhme moltaí laistigh de thréimhse ama comhaontaithe a léiriú, níor chuir CTC amháin plean comhlíontachta de chaighdeán leordhóthanach isteach, agus níor chuir CTC amháin plean comhlíontachta chun feidhme.

Baintear úsáid as sonraí a fuarthas trí phróisis rialála ÚRCTC freisin chun aird a tharraingt ar na dúshláin agus na rioscaí a bhíonn roimh na catagóirí éagsúla CTCanna. Tá an fhaisnéis sin foilsithe in Anailís Earnála ÚRCTC chun bonn eolais a chur faoin tuiscint ar na hábhair sin agus tionchar a imirt ar fhreagairtí. Tá tuarascáil Anailíse Earnála ÚRCTC ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC¹⁷.

Tuairim ÚRCTC ar Dhul Chun Cinn na hEarnála

Bunaithe ar fhianaise óna ghníomhaíochtaí rialála, measann ÚRCTC go bhfuil dul chun cinn fiúntach á dhéanamh ag an earnáil maidir le comhlíontacht, cé nach bhfuil an dul chun cinn sin aonfhoirmeach ar fud na CTCanna go léir.

Go ginearálta, is fearr atá sé ar chumas na CTCanna freastal ar riachtanais rialála; feidhmíonn siad ar scála agus ar chastacht níos mó freisin, áfach, rud a d'fhéadfadh próifílí riosca níos casta agus dúshláin rialachais níos mó a chruthú. Bíonn dúshláin dhifriúla roimh eagraíochtaí níos lú agus eagraíochtaí atá á reáchtáil ag oibrithe deonacha, go háirithe i réimsí amhail cumas rialachais, maoirseacht airgeadais agus rochtain ar shaineolas gairmiúil.

Neartaítear leis sin an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhréireach, riosca-bhunaithe ÚRCTC i leith rialála.

Tríd is tríd, léiríodh in 2025 córas rialála atá ag aibíú thar a bhunú go tionchar gníomhach. Cé gur fadhb é neamhchomhlíonadh, táthar ag tabhairt aghaidh air go gníomhach trí rannpháirtíocht, maoirseacht, measúnú agus gníomhartha rialála eile. Léirítear leis sin córas rialála atá ag feidhmiú mar a beartaíodh agus atá ag forbairt i gcónaí.

Ina theannta sin, is é ceacht tábhachtach ó 2025 an tábhacht a bhaineann le huirliisí rialála a chomhtháthú chun léargas cuimsitheach a sholáthar ar riosca CTCanna. Tá an cur chuige comhtháite sin lánach i bhforbairt leanúnach ÚRCTC mar rialálaí éifeachtach.

¹⁷ Féach <https://www.ahbregulator.ie/information-guidance/publications/>



Aighneacht um Athbhreithniú Reachtaíochta

Bunaíodh le hAcht na dTíthe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 (an tAcht), creat reachtúil chun CTCannaanna a rialáil agus cruthaíodh leis ÚRCTC mar rialálaí neamhspleách. Déanfar foráil in Alt 4 den Acht maidir le hathbhreithniú ar a fheidhmiú agus a éifeachtacht faoi cheann cúig bliana. In 2025, d'ullmhaigh ÚRCTC a ionchur don athbhreithniú sin.

Tá aighneacht ÚRCTC bunaithe ar bheagnach cúig bliana de thairbh oibríochtúil ar rialáil reachtúil, chomh maith le hanaílís chomparáideach ar chórais rialála i ndlínsí eile. Breithnítear leis an bhfuil an creat reachtaíochta ag feidhmiú chomh héifeachtach agus chomh comhréireach agus a beartaíodh, i gcomhthéacs theacht chun cinn leanúnach na hearnála CTCanna.

Leagtar amach roinnt moltaí atá leagtha amach ar bhonn ilchéime in aighneacht ÚRCTC freisin. Áirítear leis na moltaí sin bearta atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar shrianta oibríochtúla neas-ama,

agus tá cinn eile beartaithe chun inoiriúnaitheacht fhadtéarmach an chreata a fheabhsú i gcomhréir le beartas tithíochta agus struchtúr earnála atá ag teacht chun cinn.

Críochnaíonn an aighneacht trí roinnt mionathruithe reachtaíochta spriocdhírthe a shainaithint lena neartófaí, dar le ÚRCTC, a hoibriú praiticiúil agus a chuirfeadh ar chumas ÚRCTC idirghabháil luath a dhéanamh agus ar bhealach níos comhréirí, le conairí rialála agus torthaí níos soiléire. Dá gcuirfí na moltaí sin chun feidhme, thabharfaí cosaint bhreise d'infheistíocht shuntasach Stáit i dtithíocht shóisialta agus chinnteofaí go mbeadh an creat fós oiriúnach don aidhm.

Críochnófar agus cuirfear isteach an aighneacht i mí Feabhra 2026.

Cumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara



Cumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

Tá gníomhaíochtaí cumarsáide agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ÚRCTC ina ndlúthchuid dá chur chuige rialála. Cuirtear bonn eolais faoi rannpháirtíocht, treoir agus oideachas níos mó agus níos mó le taithe agus léargas rialála, rud a chinntíonn go bhfuil gníomhaíochtaí ÚRCTC ailínithe leis na rioscaí agus na réimsí neamhchomhlíonta arna sainathint.

Tá ÚRCTC tiomanta do bheith ina rialálaí rannpháirteach. Tá ÚRCTC ag obair go gníomhach le páirtithe leasmhara lena chinntiú go bhfuil an Creat Rialála praiticiúil, comhréireach agus soiléir do CTCanna atá ag déanamh an obair riachtanach maidir le tithíocht a sholáthar.



Fíor 7. Páirtithe Leasmhara ÚRCTC

Páirtithe Leasmhara ÚRCTC

Feidhmíonn ÚRCTC i réimse casta atá ag teacht chun cinn, le réimse leathan CTCanna a bhfuil difríocht shuntasach eatarthu ó thaobh méide, scála, maoinithe agus samhlacha seachadta. Oibríonn earnáil CTC le roinnt rialálaithe, maoinitheoirí agus gníomhaireachtaí maoirseachta. Dá bhrí sin, áirítear ar gheallsealbhoirí ÚRCTC ranna rialtais, údaráis áitiúla, eagraíochtaí abhcóideachta, maoinitheoirí stáit, maoinitheoirí príobháideacha, tionóntaí, comhlachtaí poiblí, agus rialálaithe eile.


Chuir ÚRCTC comhaontuithe comhroinnte sonraí chun cinn le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte le linn 2025. Bhí plé dearfach ag ÚRCTC leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, rannóga maoinithe, an Ghníomhaireacht Tithíochta, an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil, agus an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe freisin.

Bealaí ina ndéanann ÚRCTC Cumarsáid

Tá ÚRCTC tiomanta do chumarsáid chomhsheasmhach agus éifeachtach le páirtithe leasmhara a chinntiú agus d'fheasacht agus tuiscint ar an Acht a chur chun cinn. Agus ÚRCTC ag cloí leis an tiomantas sin, léiríonn sé sin ar na bealaí seo a leanas:

- Láithreacha ar líne a choinneáil ar bun tríd an suíomh gréasáin agus trí chainéil na meán sóisialta.
- Treoirdoiciméid maidir leis na Caighdeáin a fhoilsiú.
- Clár oideachais a sholáthar trí úsáid a bhaint as seimineáir ghréasáin, seisiúin oiliúna agus imeachtaí ina raibh daoine i láthair go pearsanta.
- Dul i mbun oibre le CTCanna maidir le hathruithe reachtaíochta ar an Acht a mbíonn tionchar acu ar a neagraíochtaí.
- Faisnéis cothrom le dáta a sholáthar maidir le Creat Rialála agus próisis ÚRCTC.
- Comhoibriú agus comhairliúchán leanúnach a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear rialtóirí, maoinitheoirí, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí rialtais.
- Anailís Earnála bhliantúil ar an earnáil CTCanna a fhoilsiú.
- Rannpháirtíocht in imeachtaí comhdhála agus earnála chun ról ÚRCTC mar rialálaí reachtúil CTCanna a chur in iúl.

Bhí ÚRCTC i mbun oibre lena pháirtithe leasmhara uile ar roinnt bealaí in 2025:



Oibríonn ÚRCTC chun cumarsáid agus comhoibriú go héifeachtach le páirtithe leasmhara agus le rialálaithe eile. Leanann forbairt meamram tuisceana agus comhaontuithe comhroinnte sonraí le rialálaithe ábhartha eile agus foilsiú faisnéise agus sonraí trédhearcacha agus inrochtana ar earnáil na CTCanna

de bheith ina bpríomhfhócas ag ÚRCTC. Sa bhliain 2025, mhéadaigh ÚRCTC a idirghníomhaíochtaí le rialálaithe eile, maoinitheoirí, gníomhaireachtaí rialtais agus údaráis áitiúla atá ag feidhmiú laistigh den earnáil chun tacú le tuiscint agus comhoibriú níos fearr.

Suíomh Gréasáin ÚRCTC

Cuireann suíomh gréasáin ÚRCTC ¹⁸an fhaisnéis is cuimsithí agus is déanaí ar fáil faoi chuspóir ÚRCTC, a fheidhmeanna, agus a chuid oibre leanúnaí. Feidhmíonn an suíomh gréasáin mar stór freisin do dhoiciméid tacaíochta agus teorach atá ullmhaithe do gheallsealbhoirí ÚRCTC agus don phobal i gcoitinne.

D'íosládáil cuairteoirí ar shuíomh gréasáin ÚRCTC doiciméid 9,640 uair sa bhliain 2025. Tá an Clár CTCanna ina bhfuil liosta iomlán de na CTCanna ¹⁹cláraithe ar shuíomh gréasáin ÚRCTC chomh maith. Rochtain 8,105 úsáideoir ar an rannóg chláraithe den suíomh Gréasáin sa bhliain 2025.

Tríd is tríd, tá méadú tagtha ar líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin ÚRCTC le trí bliana anuas: 2022: 5,947 úsáideoir, 2023: 11,700 úsáideoir agus 2024: 17,200 úsáideoir. Lean an treocht sin ar aghaidh in 2025 le 19,562 cuairteoir ar an suíomh gréasáin.

Táthar ag súil go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh in 2026 agus ÚRCTC ag dul isteach sa dara bliain de chuspóirí straitéiseacha 2025-2028 a bhaint amach agus béim atá ag méadú á leagan ar a theachtaireachtaí rialála agus a rannpháirtíocht spriocdhírthe a fheabhsú ar fud a chainéal cumarsáide.

Tá ÚRCTC tiomanta do shuíomh gréasáin a sholáthar atá inrochtana don spriocphobal is leithne agus is féidir, beag beann ar theicneolaíocht nó ar chumas.

In 2023, d'fhostaigh ÚRCTC comhpháirtí tríú páirtí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a shuíomh gréasáin i gcomhréir leis na Treoirínte maidir le hInrochtaineacht Ábhar Gréasáin (WCAG) 2.1. Fuarthas san athbhreithniú go bhfuil suíomh gréasáin ÚRCTC ag cloí go páirteach le WCAG 2.1 Leibhéal AA.

Tá ÚRCTC ag obair go leanúnach chun feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora do gach cineál úsáideora agus chun na caighdeáin inrochtaineachta riachtanacha a chomhlíonadh. Ag deireadh 2025, chuir ÚRCTC tús le hathbhreithniú agus nuashonrú cuimsitheach ar ábhar a láithreáin ghréasáin, lena n-áirítear feabhsuithe chun comhlíonadh WCAG 2.1 a neartú. Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal sin críochnaithe faoin dara ráithe de 2026.

Tá ÚRCTC ag leanúint lena chlár cumarsáide agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a fhorbairt chun coinneáil suas le teacht chun cinn na hearnála CTCanna.

Leanfaidh ÚRCTC leis na cuir chuige is éifeachtaí a chur chun feidhme chun idirghníomhú le CTCanna agus cumarsáid a dhéanamh lena pháirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne, ag ailíniú a Straitéise Cumarsáide le teacht chun cinn na hearnála.

Seimineáir Gréasáin agus Seisiúin Oilúna Oideachais

Ceann de na bealaí a ndéanann ÚRCTC cumarsáid lena pháirtithe leasmhara ná trí sheimineáir ghréasáin oideachasúla agus seisiúin oilúna.

Úsáideann ÚRCTC seimineáir ghréasáin chun oibriú lena pháirtithe leasmhara ar bhealach lena n-éascaítear faisnéis a roinnt agus plé fiúntach a dhéanamh ar an ábhar leis na rannpháirtithe ag an am céanna. Tá roinnt seimineáir gréasáin a raibh freastal maith orthu á reáchtáil ag ÚRCTC ó bunaíodh é sa bhliain 2021 ar réimse ábhar lena n-áirítear:

- Dréachtú Chaighdeáin ÚRCTC do CTCanna.
- Clár Monatóireachta Bhlantúil ÚRCTC.
- Treoir Imeachtaí Infhogartha.
- Clár Measúnaithe ÚRCTC.

In 2025, thionóil ÚRCTC sé sheimineáir gréasáin ar ábhair a bhain leis na Caighdeáin. Áiríodh leis sin dhá fhorléargas ar leibhéal réamhráiteach ar Mhaoirseacht Airgeadais agus Bainistíocht Riosca. Tionóladh seimineáir ghréasáin freisin chun tacú leis an gClár Monatóireacht Bhlantúil 2025. In 2025, mheall seimineáir ghréasáin ÚRCTC 456 duine.

- Seimineáir ghréasáin an Chláir Faireacháin Bhlantúil (269 duine a bhí i láthair)
- Seimineáir Gréasáin um Mhaoirseacht Airgeadais (104 lucht freastail)
- Seimineáir Gréasáin ar Bhainistíocht Riosca (83 lucht freastail)

Go dtí seo, d'fhreastail os cionn 1,600 comhalta boird CTC, baill foirne CTC agus páirtithe leasmhara earnálacha eile ar sheimineáir ghréasáin agus ar sheisiúin oilúna a chuir ÚRCTC ar fáil.

¹⁸ Féach <https://www.ahbregulator.ie/>

¹⁹ Féach <https://www.ahbregulator.ie/registration/the-register/>

Treoirdhoiciméid

Tá sé mar aidhm ag ÚRCTC treoir agus comhairle a chur ar fáil a bhaineann le gach gné dá chuid oibre chun oideachas agus eolas a chur ar fáil dá pháirtithe leasmhara. Táthar ag súil go leathnóidh na doiciméid sin le himeacht ama de réir mar a thiocfar ar chásanna trí obair ÚRCTC ina bhfuil gá le treoir bhreise. In 2025, cuireadh tús le tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoirdhoiciméid maidir leis na Caighdeáin lena chinntiú go n-éascófar leo tuiscint níos fearr ar na ceanglais rialála do CTCanna.

Oibreoidh ÚRCTC chun an córas rialála a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a neartú trí úsáid a bhaint as na cineálacha sin doiciméad oideachais mar cheann dá huirlisí rialála.

Cairt Chustaiméirí ÚRCTC

De réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú, tá Cairt Custaiméirí foilsithe ag ÚRCTC ina leagtar amach na caighdeáin ar féidir lena gcustaiméirí agus lena bpáirtithe leasmhara a bheith ag súil leo agus iad ag plé leis. Tá na caighdeáin seo ailínithe le Prionsabail Threoracha na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus déantar athbhreithniú orthu go rialta chun a chinntiú go seachadtar an tseirbhís is fearr is féidir. Tá Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta ÚRCTC ar fáil lena fheiceáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC²⁰.

20 Féach <https://www.ahbregulator.ie/legal-compliance/ahbra-customer-charter/>

Rochtain ar Fhaisnéis agus Comhlíonadh Sonraí



Rochtain ar Fhaisnéis agus Comhlíonadh Sonraí

Is bunluachanna de chuid ÚRCTC iad an trédhearcacht agus an cuntasacht. Dá réir sin, tá ÚRCTC tiomanta dá chleachtais tuairiscithe agus trédhearcachta a fheabhsú agus a fhorbairt, agus sonraí pearsanta agus íogaire á gcosaint go hiomchuí ag an am céanna. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an gcaoi ar chomhlíon ÚRCTC a oibleagáidí sonraí sa bhliain 2025 mionsonraithe thíos.

Saoráil Faisnéise

Tá ÚRCTC tiomanta do sheasamh le prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta mar a cheanglaítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (an tAcht um Shaoráil Faisnéise).

I gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, tá Scéim Foilseacháin chuimsitheach um Shaoráil Faisnéise forbartha ag ÚRCTC, lena gcinntítear go bhfuil rochtain éasca ag an bpobal ar fhaisnéis maidir lena struchtúr, lena fheidhmeanna agus lena sheirbhísí.

Chríochnaigh ÚRCTC dhá iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) le linn 2025. I ndiaidh measúnú a rinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, deonaíodh iarratas amháin go hiomlán, agus deonaíodh ceann eile go páirteach, agus eisíodh na taifid laistigh de ha hamlínte reachtúla.

Fuair ÚRCTC roinnt iarratais bhreise SF le linn na bliana, lena n-áirítear dhá cheann a tarraingíodh siar agus ceann amháin a láimhseáladh lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise.

Le linn 2025, mar thoradh ar chinneadh ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise a bhain le hiaratas a phróiseáil ÚRCTC roimhe seo, eisíodh taifid bhreise. Chloígh ÚRCTC go hiomlán leis an gcinneadh agus fuair sé i mbun rannpháirtíocht chuí leis na CTCanna ábhartha sular eisíodh é. Leis an bpróiseas sin, cuireadh bonn eolais faoi fhorbairt leanúnach chleachtais agus nósanna imeachta um Shaoráil Faisnéise ÚRCTC.

Tá sonraí faoi iarratais neamhphearsanta um Shaoráil Faisnéise, mar aon le faisnéis eile a foilsíodh faoinár Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise, ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC²¹.

Nochtadh Cosanta

Tá ÚRCTC tiomanta do chultúr oscailte agus cuntasachta a chothú, ag spreagadh oibrithe chun aon éagóir amhrasta a thuairisciú.

Ina theannta sin, is ‘Duine Forordaithe’ é ÚRCTC maidir le gach ábhar a bhaineann le rialáil CTCanna de bhun Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019. I gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú), tá Beartas cuimsitheach maidir le Nochtadh Cosanta agus bealaí inmheánacha agus seachtracha bunaithe ag ÚRCTC chun tuairisciú den sórt sin a éascú agus tá an fhaisnéis ábhartha foilsithe aige ar a shuíomh gréasáin²².

Le linn 2025, bhí ceithre nochtadh cosanta sheachtracha á mbreithniú ag ÚRCTC, lena n-áirítear dhá cheann a tugadh ar aghaidh ó 2024. Rinneadh iad go léir a mheasúnú agus a bhainistiú i gcomhréir le nósanna imeachta bunaithe ÚRCTC. Ar an 31 Nollaig 2025, bhí trí cinn de na tuairiscí a fuarthas dúnta, agus bhí athbhreithniú á dhéanamh ar thuairisc amháin. Le linn 2025, sholáthair ÚRCTC oiliúint agus treoir do bhaill foirne maidir lena Bheartas agus a nósanna imeachta maidir le Nochtaí Cosanta chun tacú le feasacht agus láimhseáil chuí nochtáí.

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta inmheánach sa bhliain 2025. Tá ÚRCTC tiomanta i gcónaí do thimpeallacht a chothabháil inar féidir ábhair inné a chur in iúl gan eagla a bheith ann roimh phionósú.

Iarratais ar Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (RFC)

Tugann na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (RFC) 2007-2018 an ceart do dhaoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá i seilbh Údarás Poiblí nó ar a son.

Ní bhfuair ÚRCTC aon iarraidh RFC sa bhliain 2025.

21 Féach <https://www.ahbregulator.ie/legal-compliance/foi-publication-scheme/>

22 Féach <https://www.ahbregulator.ie/legal-compliance/protected-disclosures/>

Ceisteanna Parlaiminte

Fuair agus d'fhreagair ÚRCTC seacht gceist pharlaiminte in 2025. Tá bosca poist tiomnaithe ag ÚRCTC do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí chun próiseas cuíchóirithe le haghaidh freagraí a thairiscint.

Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá ÚRCTC tiomanta do chloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. I gcomhréir le hAlt 4B d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Cheap ÚRCTC bainisteoir sinsearach chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí reachtúla teanga.

Cosaint Sonraí agus RGCS

Agus feidhmeanna agus gníomhaíochtaí reachtúla ÚRCTC á ndéanamh aige faoin Acht Tithíochta (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019, téann ÚRCTC i ngleic le sonraí pearsanta a bhaineann le páirtithe seachtracha, lena n-áirítear daoine aonair agus gnóilachtaí araon, agus féadfaidh sé na sonraí sin a phróiseáil. Go háirithe, faigheann ÚRCTC sonraí ó CTCanna, ó bhaill den phobal, ó thríú páirtithe, ó ranna rialtais, ó chomhlachtaí stáit, ó údaráis rialála, agus ó eagraíochtaí eile, a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith san áireamh iontu. Tá ÚRCTC tiomanta fós dá chinntiú go ndéanfar sonraí den sórt sin a láimhseáil i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí agus cultúr láidir cosanta sonraí a chothú ar fud na heagraíochta.

Le linn 2025, lean ÚRCTC dá chreat rialachais agus comhlíontachta maidir le cosaint sonraí a neartú. Rinneadh roinnt príomhbheartas a athbhreithniú, a nuashonrú agus a fhaomhadh, agus tugadh isteach beartais nua i réimsí lena n-áirítear Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) agus Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (ROPA), rud a fheabhsaigh struchtúir rialachais na heagraíochta tuilleadh.

Garspíoc shuntasach le linn na bliana ba ea athbhreithniú, críochnú agus faomhadh na dTaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála ar fud na rannóg gnó uile. Tacaíodh leis an obair sin le hoiliúint foirne spriocdhírithé agus tá Beartas ROPA tiomnaithe mar bhonn faoi chothabháil leanúnach anois.

Rinne ÚRCTC athbhreithniú cuimsitheach ar a phróiseálaithe sonraí agus ar shocruithe conarthacha gaolmhara freisin. Faomhadh teimpléad caighdeánach comhaontaithe próiseála sonraí lena úsáid, agus leabaíodh breithnithe cosanta sonraí i bpróisis soláthair agus ionductaithe soláthraithe.

Rinneadh roinnt teagmhais fhéideartha maidir le sonraí pearsanta a thuairisciú agus a mheasúnú le linn na bliana, agus mar thoradh air sin, dearbhaíodh ceithre shárú ar shonraí pearsanta. Rinneadh gach teagmhas a bhainistiú i gcomhréir le nósanna imeachta cosanta sonraí ÚRCTC, agus níor shroich aon cheann acu an tairseach maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Nuair ba chuí, cuireadh bearta maolaithe chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaitníodh. Le gníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí a rinneadh le linn na bliana, soláthraíodh dearbhú sásúil i ndáil le rialuithe agus cleachtais cosanta sonraí ÚRCTC.

In 2025, fuair ÚRCTC larratas Duine ar a Shonraí (IDS) amháin a próiseáladh de réir nósanna imeachta bunaithe, agus eisíodh freagra laistigh den tréimhse reachtúil.

Lean ÚRCTC le feasacht ar chosaint sonraí a chur chun cinn le linn 2025, lena n-áirítear trí acmhainní oiliúna foirne nuashonraithe, nuashonrú ar chosaint sonraí ar fud na heagraíochta agus treoir a thabhairt don Bhord maidir le gníomhaíocht cosanta sonraí agus torthaí iniúchóireachta.

Córais Sonraí agus Próiseáil Faisnéise

In 2025, d'fhostaigh ÚRCTC speisialtóir seachtrach i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus in aistriú digiteach chun athbhreithniú struchtúrtha a dhéanamh ar phróisis rialála, ar shocruithe bainistíochta sonraí, agus ar an tsamhail oibriúcháin fhoriomlán TFC. Ba é ba chuspóir don obair sin measúnú a dhéanamh ar an méid a thacaíonn córais reatha ÚRCTC lena fheidhmeanna rialála, agus deiseanna a shainaithint chun bainistíocht sonraí a neartú, éifeachtúlacht oibriochtúil a fheabhsú, agus anailís rialála a fheabhsú.

Rinneadh scrúdú san athbhreithniú ar chórais, sreafaí oibre agus riachtanais faisnéise reatha ÚRCTC sna feidhmeanna rialála uile. Cé gur sainaitníodh roinnt feabhsuithe gearrthéarmacha ar phróisis agus gur cuireadh chun feidhme iad, léiríodh leis na torthaí go raibh gá le cur chuige níos bunúsaí. Go sonrach, moladh san athbhreithniú go bhforbrófaí córas comhtháite chun tacú le bailiú, bainistíocht agus anailís struchtúrtha sonraí rialála a bhaineann le CTCanna.

Dheimhnigh ÚRCTC a riachtanais maidir le forbairt teicneolaíochta trí rannpháirtíocht leis an margadh trí phróiseas um Shaoráil Faisnéise (SF). Rachaidh ÚRCTC ar aghaidh chuig an margadh le tairiscint fhoirmiúil in 2026.

Rialú ar ÚRCTC



Rialú ar ÚRCTC

Leagtar amach socruithe rialachais chorpáidigh ÚRCTC go príomha ina reachtaíocht rialaithe, an tAcht Tithíochta (Rialáil Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe), 2019. Mar chomhlacht poiblí, comhlíonann ÚRCTC an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit freisin. Tá ÚRCTC tiomanta do na caighdeáin rialachais is airde a choinneáil, ag cinntiú trédhearcachta, cuntasachta agus maoirseachta éifeachtach ina oibríochtaí.

Déantar athbhreithniú bliantúil ar shocruithe rialachais ÚRCTC chun a chinntiú go gcomhlíonfar a oibleagáidí reachtúla agus go gcloítear i gcónaí leis an dea-chleachtas i rialachas corparáideach.

Ról an Bhoird


Tá an fhreagracht deiridh ar Bhord ÚRCTC as na feidhmeanna reachtúla a leagtar amach in Acht na dTithe (Rialáil Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe) 2019 a chomhlíonadh. Áirítear leis seo treo straitéiseach a leagan síos, maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialála, agus rialachas agus bainistíocht riosca éifeachtach a chinntiú. Mar chomhlacht rialaithe an Rialálaí, leagann an Bord síos cuspóirí straitéiseacha agus déanann sé cinntí tábhachtacha maidir le conas a chuirtear na feidhmeanna rialála sin i gcrích.

I gcomhréir le Sceideal Toscaireachtaí ÚRCTC, tá roinnt cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla tarmligthe ag an mBord chuig an bPríomhfheidhmeannach agus chuig comhaltaí sinsearach feidhmiúcháin eile. Coinníonn an Bord cuntasacht agus maoirseacht fhoriomlán ar fheidhmeanna tarmligthe. Coinníonn an Bord údarás freisin maidir le cinntí tábhachtacha trí Sceideal foirmiúil Ábhair atá Forchoimeáda do Chreat an Bhoird. Cinntíonn an creat seo, agus an bhainistíocht ag láimhseáil oibríochtaí laethúla, go gcoimeádann an Bord maoirseacht agus smacht ar shaincheisteanna suntasacha agus straitéiseacha, ag teacht lena oibleagáidí rialála.

Comhdhéanamh an Bhoird

Forálann an Sceideal a ghabhann le hAlt 8 den Acht Tithíochta (Rialáil Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe), 2019 nach mór do Bhord ÚRCTC níos mó ná 11 agus nach lú ná 5 chomhalta a bheith ann. Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht na comhaltaí, agus ceapann sé an Cathaoirleach freisin as measc comhaltaí an Bhoird.

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí 10 gcomhalta (6 fhir agus 4 mhná) ar an mBord. Dá bhrí sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i gcomhaltas an Bhoird Stáit.



Comhaltaí Boird ÚRCTC



Eddie Lewis
(Cathaoirleach)



Seamus Neely
(Comhalta boird)



Geraldine Hynes
(Comhalta boird)



Jillian Mahon
(Comhalta boird)



John McCarthy
(Comhalta boird)



An Dr. Oonagh Breen
(Comhalta boird)




Michael Cameron
(Comhalta boird)



Nicola Dunleavy
(Comhalta boird)



Ken Owens
(Comhalta boird)



Sean Cremen
(Comhalta boird)

Cruinnithe Boird agus Tinreamh

Tagann an Bord le chéile go rialta chun maoirseacht a dhéanamh ar threo straitéiseach agus ar fheidhmíocht oibríochtúil ÚRCTC. Le linn 2025, tionóladh 9 gcuinniú Boird ar pléadh roinnt cúrsaí straitéiseacha lena linn. Áiríodh leis sin maoirseacht leanúnach ar ionchur san athbhreithniú reachtach ar Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019, maoirseacht ar chomhlíonadh CTCanna agus breithniú freagairtí rialála féideartha, forbairt an Chláir CTCanna, maoirseacht ar phríomhfhorbairtí TFC agus pleanáil chomharbais an bhoird lena n-áirítear comhaltaí nua a cheapadh.

Bhreithnigh an Bord na nuashonruithe rialta seo a leanas le linn na bliana:

- Athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta ráithiúla, buiséad bliantúil agus ráiteas airgeadais).
- Creat Bainistíochta Riosca ÚRCTC.
- Tuarascálacha ón gCoiste Dlí agus Rialála (CDR).
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR).

Seo a leanas líon na gcrúinnithe ar fhreastail gach comhalta boird orthu in 2025:

Freastal ar Chruinniú an Bhoird sa bhliain 2025										
	40ú	41ú	42ú	43ú	44ú	45ú	46ú	47ú	48ú	
Comhalta Boird Ainm	An 17 Feabhra	An 24 Márta	An 28 Aibreáin	An 26 Bealtaine	An 23 Meitheamh	An 21 Iúil	An 08 Meán Fómhair	An 20 Deireadh Fómhair	An 24 Samhain	Tinreamh don Bhliain Iomlán
An Dr Oonagh Breen	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	9
Edward Lewis	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	9
Geraldine Hynes	As láthair	I láthair	As láthair	I láthair	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	6
Jillian Mahon	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	9
John McCarthy	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	9
Michael Cameron	As láthair	I láthair	As láthair	I láthair	As láthair	As láthair	As láthair	I láthair	As láthair	3
Séamus Neely	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	9
Sean Cremen*	-	-	-	-	-	-	-	I láthair	I láthair	2
Kenneth Owens**	-	-	-	-	-	-	-	I láthair	I láthair	2
Nicola Dunleavy***	-	-	-	-	-	-	-	I láthair	I láthair	2

* Chuaigh Sean Cremen le Bord ÚRCTC an 1 Deireadh Fómhair 2025

** Chuaigh Kenneth Owens le Bord ÚRCTC an 1 Deireadh Fómhair 2025

*** Chuaigh Nicola Dunleavy le Bord ÚRCTC an 1 Deireadh Fómhair 2025

Tábla 4. Líon na gCrúinnithe ar Fhreastail na Comhaltaí Boird orthu 2025

Coistí an Bhoird

Mar a leagtar amach in Acht 2019, féadfaidh an Bord coistí a bhunú chun cúnamh leis agus comhairle a thabhairt dó i ndáil le comhlíonadh aon cheann nó gach ceann dá fheidhmeanna agus chun cibé feidhmeanna a tharmligfidh an Bord a chomhlíonadh. Feidhmíonn gach coiste faoi théarma tagartha sainithe, ina leagtar amach a raon feidhme agus a fhreagrachtaí. Tagann coistí le chéile go rialta agus tuairiscíonn siad a dtuairimí agus a moltaí don Bhord, rud a éascaíonn cinnteoireacht fheasach agus rialachas éifeachtach. I gcás ina bhfuil údarás tarmligthe ag coistí chun feidhmeanna sonracha a bhainistiú, coinníonn an Bord na freagrachtaí deiridh maidir leis na cinntí agus na gníomhaíochtaí uile a dhéantar.

Tá 2 Choiste bunaithe ag Bord ÚRCTC:

1. Coiste Dlí agus Rialála

Tacaíonn an Coiste Dlí agus Rialála (CDR) leis an mBord agus maoirseacht á déanamh aige ar chreat reachtaíochta ÚRCTC agus ar a chur chuige rialála. In 2025, bhreithnigh an CDR réimse cúrsaí dlíthiúla agus rialála agus thug sé comhairle agus moltaí don Bhord.

Áiríodh leo an creat reachtaíochta faoin Acht Tithíochta (Rialáil Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe), 2019 a bhreithniú go grinn, lena n-áirítear athbhreithniú reachtaíochta leanúnach, chomh maith le saincheisteanna rialála a eascraíonn i ndáil le comhlíonadh CTCanna, lena n-áirítear cásanna neamhchomhlíonta agus freagairtí rialála agus forfheidhmithe féideartha.

Bhreithnigh an Coiste freisin ábhair a bhaineann le caighdeáin bainistíochta tionóntachtaí agus forbairtí rialála níos leithne, lena n-áirítear forbairt an Chláir CTCanna, chun ailiú le cuspóirí rialála ÚRCTC a chinntiú.

Thionóil CDR ceithre chruinniú in 2025 agus thuairiscigh sé don Bhord go ráithiúil. Is comhaltaí Boird iad comhaltaí uile an Choiste Dlí agus Rialála agus tá sonraí maidir lena bhfreastal leagtha amach thíos:

2025	13ú	14ú	15ú	16ú	Freastal iomlán
Ainm Chomhalta an CDR	An 20-Eanáir	An 13 Bealtaine	An 01 Meán Fómhair	An 03-Samhain	
Orla Coyne (Cathaoirleach)*	D'éirigh sí as an 20/01/2025	-	-	-	-
Geraldine Hynes	I láthair	I láthair	I láthair	As láthair	3
Michael Cameron	I láthair	I láthair	As láthair	I láthair	3
Séamus Neely	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4

Tábla 5. Freastal ar chruinnithe CDR 2025

* D'éirigh Orla Coyne as Bord ÚRCTC i mí Eanáir 2025.

2. An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) tacú leis an mbord i dtaca lena fhreagrachtaí i gcúrsaí a bhaineann le riosca, rialú agus dearbhú gaolmhar.

Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú rialta ar an gcreat rialaithe ag ÚRCTC agus tugann sé dearbhú don Bhord maidir le héifeachtacht an chreata. Coinníonn sé maoirseacht ar bun freisin ar cheanglais rialachais níos leithne ag ÚRCTC mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus sa treoraíocht ghaolmhar.

Tháinig CIR le chéile cúig huaire in 2025, lena n-áirítear cruinniú breise a tionóladh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na dréacht-ráitis airgeadais. Thuairiscigh CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe agus chuir sé tuarascáil bhliantúil i scríbhinn ar fáil don Bhord.

Bhí 4 chomhalta ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2025 – trí chomhalta Boird agus comhalta seachtrach amháin. Leagtar amach thíos sonraí maidir le freastal gach comhalta ar chruinnithe:

Freastal ar Chruinnithe an CIR		Jillian Mahon (cathaoirleach)	John McCarthy	Oonagh Breen	Patricia Golden
17ú	27 Eanáir	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
18ú	14 Aibreán	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
19ú (breise)	9 Bealtaine	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
20ú	14 Iúil	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
21ú	10 Samh	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
Tinreamh don bhliain iomlán		5	5	5	5

Tábla 6. Freastal ar Chruinniú CIR in 2025

Éifeachtacht an Bhoird

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, déanann Bord ÚRCTC meastóireacht bhliantúil ar a éifeachtacht chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith éifeachtach maidir lena shainordú a chur chun feidhme. Déanann Bord ÚRCTC athbhreithniú bliantúil ar théarmaí tagartha gach ceann dá choistí agus déanann sé faireachán leanúnach ar a chumhachtaí agus ar a fheidhmeanna forchoimeáda agus tarmligthe.

Bainistíocht Riosca

Aithníonn ÚRCTC nach féidir riosca a sheachaint agus a chuspóirí straitéiseacha á mbaint amach aige. Chun a chinntiú go bhfuil bainistíocht riosca leabaithe i gcultúr na heagraíochta agus chun riosca a bhainistiú go héifeachtach, d'fhorbair ÚRCTC Beartas Bainistíochta Riosca agus Ráiteas Inghlathachta Riosca, chomh maith le Cláir Riosca Teicneolaíochta Chorporáideacha agus Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a choinneáil ar bun.

Is é an Bord atá freagrach ar deireadh as riosca, agus is mír bhuan é bainistiú riosca ar chlár oibre an Bhoird. Tá Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí ceaptha ag an mBord chun riosca a shainaithint, a thomhas agus a bhainistiú.

Tá ról maoirseachta neamhspleách ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca maidir le bainistiú riosca


agus déantar é sin a ionchorprú i dtéarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Déanann an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca athbhreithniú ar na dearbhuithe eagraíochtúla a bhaineann le bainistiú riosca, próisis riosca, cláir riosca agus déanann sé faireachán ar éifeachtacht an bhainistithe riosca thar ceann an Bhoird. Tá bainistíocht riosca ina mír bhuan ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Le linn 2025, rinne ÚRCTC dul chun cinn ar fhorbairt a Chreata Bainistíochta Riosca, lena n-áirítear réamhobair i dtreo cláir riosca roinne agus oiliúint inmheánach riosca a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar shainaithint rioscaí agus an nasc idir rioscaí oibríochtúla agus corporáideacha a neartú.

Measann ÚRCTC go bhfuil ról ag gach ball foirne maidir le riosca a shainaithint agus a bhainistiú agus oibríonn creat bainistíochta riosca corporáideach ar chur chuige ó bharr anuas agus ó bhun aníos aron.

Déanann CIR athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas maidir le Beartas Bainistíochta Riosca agus Ráiteas Inghlathachta Riosca sula bhfaomhann an Bord é go críochnaitheach.

Déanann CIR athbhreithniú ráithiúil ar an gClár Riosca Corporáideach, agus déanann an Bord athbhreithniú míosúil ar na rioscaí lena bhfuil an rátáil is airde.



Fíor 8. Rialachas Riosca in ÚRCTC

Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag ÚRCTC i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí a bhainistiú trí sholáthraí seachtrach.

Tá cairt iniúcháireachta agus straitéis iniúcháireachta inmheánaí ag ÚRCTC (2022-2026).

In 2025, rinne an soláthraí seachtrach clár cuimsitheach oibre mar a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Rinneadh na hiniúcháir seo a leanas le linn na bliana 2025:

- Bainistíocht Soláthair.
- Athbhreithniú ar fhreagrachtaí um chomhlíonadh.
- Athbhreithniú ar Mholtaí na Bliana roimhe.
- Athbhreithniú ar éifeachtach Rialuithe Inmheánacha.

Fuair gach iniúchadh rátáil shásúil, arb í an rátáil dearbhaithe is airde is féidir a thabhairt.

Maoirseacht agus Ráthaíocht

Coinníonn ÚRCTC socruithe tuairiscithe struchtúrtha ar bun lena mháthair-roinn, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO) chun maoirseacht éifeachtach a chinntiú.

Tá Comhaontú Maoirseachta foirmiúil bunaithe ag ÚRCTC agus ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht atá dírithe ar chuntasacht a éascú agus sainchúram reachtúil agus neamhspleáchas ÚRCTC á gcaomhnú ag an am céanna. Tá an Comhaontú Maoirseachta sin bunaithe ar na

prionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus déantar athbhreithniú agus nuashonrú air gach bliain.


Mar chuid den chomhaontú sin, cuireann ÚRCTC sonraí ar fáil maidir lena ghealltanais chistiúcháin, bainistíocht airgeadais agus acmhainní mar aon le spriocanna sainithe agus táscairí feidhmíochta óna phlean oibre.

Tháinig ÚRCTC agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le chéile go ráithiúil sa bhliain 2025 chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar dhul chun cinn ÚRCTC i dtreo a chuspóirí a bhaint amach go héifeachtach.


Eitic agus Bainistíocht Coimhlinte

Feidhmíonn Bord ÚRCTC faoi Chód lompair soiléir ina leagtar amach na caighdeáin maidir le hiompar eiticíúil agus cuntasacht. Ghlac an Bord freagrachtaí áirithe air féin go deonach faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus éilíonn sé ráitis bhliantúla leasa a chur isteach do gach Bord agus do gach ball foirne ábhartha.

Le linn 2025, rinneadh athbhreithniú agus leasú substaintiúil ar an gCód lompair lena chinntiú go raibh sé ag teacht i gcónaí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Léirítear leis an gCód athbhreithnithe ceanglais rialachais nuashonraithe agus ionchorpraítear ann struchtúr agus formáid chuíchóirithe, lena dtugtar soiléireacht níos fearr maidir le ról agus freagrachtaí a chur in iúl.



Struchtúr Eagraíochta



Fíor 9. Struchtúr Eagrúcháin ÚRCTC

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as ÚRCTC a bhainistiú agus a riar ó lá go lá agus tuairiscíonn sé go díreach don Bhord. Is í an fhoireann Feidhmiúcháin atá ag tacú leis an bPríomhfheidhmeannach, ina bhfuil bainisteoirí sinsearacha a dhéanann maoirseacht ar phríomhréimsí feidhme. Tá an fhoireann Feidhmiúcháin freagrach as na straitéisí agus na beartais arna leagan síos ag an mBord a chur chun feidhme, as an bhfoireann a bhainistiú agus as a chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí rialála ÚRCTC.

Amhail ón 31 Nollaig 2025, bhí na daoine seo a leanas ar fhoireann feidhmiúcháin ÚRCTC:

- Fergal O'Leary, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
- Leona McMahon – Ceannasaí Dlí agus Comhlíonadh
- Paula Nyland, Ceannasaí Rialála (Clárú agus Measúnuithe)
- Antonia Smyth, Ceannasaí Rialála (Maoirseacht Rialála agus Cumarsáid)
- Louise Farrell, Ceann Eatramhach Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha.

Forbraíonn gach réimse feidhmiúil pleananna oibre bliantúla ina leagtar amach spriocanna, tionscnaimh agus garspriocanna sonracha atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha ÚRCTC. Formheasann an Príomhfheidhmeannach na pleananna seo agus déanann an Bord athbhreithniú orthu. Cuireann an fhoireann Feidhmiúcháin tuarascálacha tréimhsiúla faoi bhráid an Bhoird ina sonraítear an dul chun cinn i gcomparáid leis na pleananna oibre comhaontaithe, lena n-áirítear na príomh-éachtaí agus na príomh-dhúshláin a tháinig chun cinn.

Acmhainní Daonna



Acmhainní Daonna

Tá daoine fós i gcoilár rath leanúnach ÚRCTC. Tá ÚRCTC tiomanta d'eagraíocht a fhorbairt ina bhfuil foireann oibre ard-oilte agus a bhfuil taithe acu ar gach leibhéal, ag cinntiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ann chun tacú lena sainchúram. In 2025, dhírigh ÚRCTC ar rannpháirtíocht an lucht saothair a fheabhsú trí thionscnaimh nua amhail Fóram Foirne agus Suirbhé Bliantúil Fostaithe, rud a chinntíonn go ngeofar tuairimí na foirne i dtionchar a imirt ar chultúr ÚRCTC. Ag leanúint leis an lucht saothair a chruthú agus a fhorbairt, ba phríomhfhócas in 2025 cumas eagraíochtúil a neartú. Áiríodh leis sin earcaíocht spriocdhíríthe ag leibhéal na hardbhainistíochta agus infheistíocht leanúnach i bhforbairt foirne.

Earcaíocht

Mar thoradh ar fhócas láidir ar earcaíocht le linn 2025, reáchtáladh 14 chomórtas oscailte agus comórtas teoranta amháin le linn na bliana. Mar thoradh ar bhéim a leagan ar chumas eagraíochtúil a neartú, rinneadh 47% den earcaíocht ar leibhéal na hardbhainistíochta, chun tacú le soláthar oibríochtúil.

Oibríonn ÚRCTC go dlúth le comhpháirtí earcaíochta seachtrach chun gach comórtas earcaíochta a riar agus fógraítear gach ról tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, i mBéarla agus i nGaeilge araon, i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí 34 ball foirne lánaimseartha ag ÚRCTC agus tá triúr ball foirne breise le teacht isteach sa chéad ráithe de 2026, rud a chuirfeadh ar chumas na heagraíochta, den chéad uair, an líon foirne ceadaithe a bhaint amach. Thairfead ÚRCTC ráta coinneála foirne de 91% in 2025. Ba é 76% an ráta coinneála in 2024.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá ÚRCTC tiomanta do thimpeallacht oibre shábháilte, shláintiúil agus chomhlíontach a choinneáil ar bun don fhoireann uile. Feidhmíonn ÚRCTC i gcomhréir iomlán leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007-2016 agus leis na Rialacháin maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Timpistí agus Teagmhais Chontúirteacha a Thuirisciú) 2016.

Leanfaimid lenár mbeartais sláinte agus sábháilteachta a athbhreithniú agus a nuashonrú, measúnuithe riosca a dhéanamh agus oiliúint foirne a sholáthar, agus tá sé beartaithe go mbeidh na gníomhaíochtaí sin curtha i gcrích sa chéad agus sa dara ráithe de 2026. Tá

an timthriall athbhreithnithe agus an sceideal oiliúna sin i gcomhréir leis na caighdeáin dea-chleachtais aitheanta. Rinneadh cleachtaí dóiteáin go rathúil in 2025, rud a thacaigh le hullmhacht leanúnach agus le comhlíonadh caighdeán sábháilteachta.

Foghlaim agus Forbairt

Tá ÚRCTC fós tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'fhás agus do chumas ár ndaoine. In 2025, d'infheistigh ÚRCTC i bhforbairt foirne trí mheascán d'oiliúint foireann-bhunaithe, uasghrádú scileanna ról-sonracha, agus tacaíochtaí foghlama aonair.

I measc na n-ábhar oiliúna inmheánaí a cuireadh ar fáil d'fhoireann ÚRCTC sa bhliain 2025 bhí:

- Nochtadh Cosanta
- Cosaint Sonraí
- Saoráil Faisnéise
- Iarratas ar Rochtain ó Ábhar Sonraí
- Bainistíocht Riosca
- Cibearshlándáil

Áiríodh seisiúin oiliúna shaincheaptha ar chuid de na cúrsaí oiliúna foireann-bhunaithe agus ról-sonracha a rinneadh in 2025:

- Tuarascálacha Rialála a Scríobh
- Oiliúint um Dhlí Riaracháin
- Scileanna Bainistíochta Daoine

Tá ról lárnach fós ag Scéim Cúnaimh Oideachais ÚRCTC maidir lena chur ar chumas na foirne cáilíochtaí creidiúnaithe a bhaint amach atá ailínithe le riachtanais na heagraíochta. Áiríodh ar chuid díobh sin:

- Baitsiléir Ealaíon sa Dlí
- Dioplóma san Anailís Sonraí
- Straitéis Meán Sóisialta na hEanála Poiblí

Bainistíocht Feidhmíochta

Oibríonn ÚRCTC Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF). Tá CBFF fós ina chuid lárnach maidir leis an bhfeidhmíocht eagraíochtúil a neartú agus tacú lenár bhfoireann. Is próiseas foirmiúil meastóireachta é Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta trínar féidir le baill foirne cuspóirí oibre aonair a shainaithint atá ag teacht le cuspóirí eagraíochtúla níos leithne ÚRCTC agus breithniú a dhéanamh ar na cuspóirí sin a bhaint amach ag eatraimh iomchuí le linn tréimhse 12 mhí. Socraítear cuspóirí do gach ball foirne ar bhonn bliantúil, tar éis an phróisis planála corparáidí a fhaightear ó na cuspóirí straitéiseacha. Leis na cuspóirí, soláthraítear an creat le haghaidh cuntasachta agus cuirtear tuiscint

chomhroinnte chun cinn idir bainisteoirí agus baill foirne faoi ionchais agus fás le linn bliana. Úsáidtear é chun aighneachtaí aonair a shainaithint, aiseolas a sholáthar maidir le feidhmíocht, agus chun cabhrú le réitigh a shainaithint ar aon le saincheistean a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Cuidíonn úsáid Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta le ÚRCTC a chinntiú go bhfuil gach iarracht ailínithe le cuspóirí eagraíochtúla agus go bhfuil na huirlisí agus an tacaíocht is gá ag gach ball foirne chun riachtanais a róil a chomhlíonadh. Leis an gcóras comhroinnte, mothaíonn baill foirne go bhfuil tacaíocht á fáil acu ina róil agus tugtar léargas níos fearr do ÚRCTC ar scileanna, acmhainn agus riachtanais an lucht saothair. Chríochnaigh an fhoireann go léir a dtimthriallta CBFF agus promhaidh in 2025, rud a léiríonn tiomantas láidir ar fud ÚRCTC d'fheabhsú leanúnach.

Obair Chumaisc

Mar chomhlacht earnála poiblí, tá ÚRCTC tiomanta don Chreat Beartais Oibre Chumaisc arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Aithníonn ÚRCTC na buntáistí a bhaineann le hobair chumaisc agus tá sé tiomanta tacú le timpeallacht oibre chumaisc, leanúint d'eagraíocht dhinimiciúil, lúfar agus fhreagrúil a thógáil, agus caighdeán láidre feidhmíochta agus ardleibhéil táirgiúlachta á gcothú ag an am céanna.

Ní mór do bhaill foirne iarratas bliantúil a dhéanamh chuig ÚRCTC chun leas a bhaint as socrú oibre cumaisc agus tá feidhm ag roinnt critéar, lena n-áirítear riachtanais ghnó na heagraíochta agus oiriúnacht róil aonair.

In 2025, d'oibrigh ÚRCTC ar bhonn an riachtanais bheith i láthair san oifig dhá lá sa tseachtain ar a laghad agus lá éigeantach amháin do 'gach ball foirne' in aghaidh na coicíse, agus tá athbhreithniú ar an mBeartas Oibre Cumaisc dlite sa chéad ráithe de 2026 i gcomhréir leis an tSamhail Meastóireachta um Obair Chumaisc ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe.

Tá an obair chumaisc mar chuid de thiomantas ÚRCTC a bheith ina Fhostóir Rogha.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cearta Daonna

Tá bearta i bhfeidhm ag ÚRCTC a thugann aghaidh ar a thiomantas don Chomhionannas agus don Éagsúlacht trína bheartais agus a nósanna imeachta agus ina rannpháirtíocht le fostaithe. Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Custaiméirí ÚRCTC na

céimeanna a ghlacfaidh ÚRCTC chun an ceart chun córa comhionainne a chinntiú agus chun freastal ar an éagsúlacht. In 2026, déanfaidh ÚRCTC an measúnú agus forbróidh sé an plean gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas in ÚRCTC, i gcomhréir le hAlt 42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 agus mar chuid de Dhualgas na hEarnála Poiblí.

Tá Lámhleabhar AD forbartha ag ÚRCTC ina dtugtar aghaidh ar a chur chuige maidir le héagsúlacht, comhionannas, dínit agus meas ag an obair agus folláine na foirne. Leagtar amach sa Lámhleabhar Acmhainní Daonna freisin beartais ÚRCTC maidir le comhionannas agus éagsúlacht. Tá nós imeachta gearán bunaithe ag ÚRCTC trínar féidir le foireann ÚRCTC gearáin maidir le hidirdhealú nó cóir dhiúltach a chur isteach.

Soláthar

Mar chomhlacht earnála poiblí, ceanglaítear ar ÚRCTC cloí le rialacha soláthair phoiblí, lena n-áirítear ceanglais ábhartha tuairiscithe.

In 2025, dhámh ÚRCTC 12 chonradh nua dar luach os cionn €25,000 gan CBL san áireamh. As an iomlán sin, bhí ceithre cinn acu ina gconarthaí ar glao ó Chreat-chomhaontuithe na hOifige um Sholáthar Rialtai, agus bhí ocht gcinn díobh ina gconarthaí aonair i ndiaidh nósanna imeachta larratais ar Luachan.

D'fhaomh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) athbhreithniú bliantúil ÚRCTC ar an bPlean Soláthair Chorporáidigh i mí na Samhna 2025.

Le linn 2025, d'oibrigh foireann ÚRCTC lena chinntiú go raibh na próisis soláthair do na hearraí agus na seirbhísí uile a bhí riachtanach á ndéanamh i gcomhréir leis an reachtaíocht, na mbeartas agus an dea-chleachtais ábhartha.

Ag deireadh 2025, ceapadh acmhainn soláthair thiomnaithe agus tá sé beartaithe go dtosóidh sé i mí Eanáir 2026.

Gníomhú ar son na hAeráide

Comhlíonann ÚRCTC a cheanglais tuairiscithe faoi I.R. Uimh. 426/2014 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014 (I.R. Uimh. 426 de 2014) trína astaíochtaí aeráide a thuairiscíú d'Udarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar bhonn bliantúil. Éascaítear é sin trí chóras leanúnach faireacháin agus tuairiscithe ÚRCTC.

Tá ÚRCTC lántiomanta a lorg carbóin a laghdú 51% faoin mbliain 2030 i gcomhréir leis na hoibleagáidí a chuirtear ar gach comhlacht poiblí. Ó 2025, is ar líne amháin a dáileadh foilseacháin ÚRCTC, agus ní bheidh leaganacha clóite ar fáil ach amháin arna iarraidh sin.

Ráitis Airgeadais 2025



Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Clár Ábhair

Eolas Ginearálta.....	59
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Rialálaí.....	60
Ráiteas ar Rialú Inmheánach.....	65
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.....	68
Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe.....	70
Ráiteas loncaim Chuimsithigh.....	71
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.....	72
Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais.....	73
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.....	74

Eolas Ginearálta

Comhaltaí an Rialálaí:

Eddie Lewis (Cathaoirleach)
Séamus Neely
Geraldine Hynes
Jillian Mahon
John McCarthy
Oonagh Breen
Michael Cameron (RA)
Nicola Dunleavy (Ceaptha an 1 Deireadh Fómhair 2025)
Ken Owens (Ceaptha an 1 Deireadh Fómhair 2025)
Sean Cremen (Ceaptha an 1 Deireadh Fómhair 2025)
Orla Coyne (D'éirigh as ar an 20 Eanáir 2025)

Foireann Ardbhainistíochta:

Fergal O'Leary - Príomhfheidhmeannach
Antonia Smyth - Ceann na Maoirseachta Rialála
Paula Nyland - Ceannasaí Clárúcháin agus Measúnachta
Leona McMahon – Ceannasaí Gnóthaí Dlí
Kerrie-Ann Doyle - Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha
(d'éirigh sí as an 24 Iúil 2025)
Allwynne Bird - Ceann Seirbhísí Corparáideacha (ceaptha an 5 Eanáir 2026)

Ceannoifig:

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe,
Teach Grattan Urlár 4,
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638

Uimhir Theileafóin:

01 224 3900

Suíomh gréasáin:

www.ahbregulator.ie

Ríomhphost:

info@ahbregulator.ie

Iniúcháirí:

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

Baincéirí:

Danske Bank
International House (Urlár 3)
3 Plás Mháistir an Chuain IFSC
Baile Átha Cliath 1
D01 K8F1

Aturnaetha:

Fieldfisher Ireland LLP
45 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4
Éire
D04 W2F1

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Rialálaí

Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) an 1 Feabhra 2021. Tabharfar ÚRCTC ar oibríochtaí na heagraíochta agus tabharfar an Rialálaí ar bhord ÚRCTC síos tríd na ráitis airgeadais. Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht comhaltaí den Rialálaí. Tá sé de chúram ar ÚRCTC Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) a rialáil chun tacú le rialachas níos láidre agus le hinmharthanacht airgeadais na hearnála CTC, agus béim ar leith á leagan ar chosaint na hinfeistíochta suntasaí poiblí atá á déanamh i soláthar tithíochta sóisialta ag CTCanna. Is é aidhm ÚRCTC dearbhú a thabhairt d'infheistoirí, do thionóntaí, don rialtas agus don earnáil CTC féin go n-oibríonn soláthraithe tithíochta sóisialta i dtimpeallacht dheariálaithe sheasmhach. Tá feidhmeanna agus cumhachtaí an Rialálaí i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá leagtha amach in Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 (an tAcht).

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Rialálaí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht:

- clár CTCanna a bhunú agus a choimeád,
- daoine a chlárú mar CTCanna,
- dréachtchaighdeán a ullmhú lena bhfaomhadh ag an Aire faoi alt 37 agus na caighdeáin cheadaithe a fhoilsiú,
- monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta seo ag CTCanna, comhlíonadh na gcaighdeán faofa go háirithe,
- fiosrúcháin a dhéanamh faoi Chuid 5,
- faoi Chuid 6, tionóntaí agus CTCanna a chosaint agus stádas clárúcháin CTCanna a chur ar ceal,
- rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr CTCanna a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus bainistíocht airgeadais, amhail eolas agus comhairle a sholáthar, i cibé foirm agus ar cibé modh, is cuí leis an Rialálaí,
- chun feachtas agus tuiscint ar an Acht seo a chur chun cinn, cibé eolas a chur ar fáil a measann an Rialálaí go bhfuil sé oiriúnach lena tabhairt don phobal i ndáil le feidhmiú an Achta seo, i cibé foirm agus ar cibé modh, is cuí leis an Rialálaí,
- cibé eolas a bhailiú maidir le CTCanna a mheasann an Rialálaí a bheith riachtanach agus iomchuí chun críocha fheidhmiú fheidhmeanna an Rialálaí, agus

- eolas dá leithéid a fhoilsiú (agus eolas staitistiúil san áireamh) a bhaineann le CTCanna, de réir mar is iomchuí leis an Rialálaí.

Tá an Rialálaí freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus tá sé freagrach as dearialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar chúrsaí tábhachtacha gnó. Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta ÚRCTC ó lá go lá. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an Rialálaí agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Rialálaí ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Rialálaí agus bainistíocht ÚRCTC.

Freagrachtaí ÚRCTC

Tá ÚRCTC freagrach as CTCanna a rialáil, chun críocha sócmhainní tithíochta arna soláthar nó arna mbainistiú ag comhlachtaí den sórt sin a chosaint. Tá ÚRCTC freagrach as clár CTCanna a chur ar bun agus a choimeád, as caighdeán a leagan síos, as monatóireacht agus measúnú a dhéanamh maidir le comhlíonadh na gcaighdeán, as rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr a spreagadh agus a éascú laistigh de CTCanna, as cur chun cinn an Achta agus feachtas air, agus as bailiú agus foilsiú eolas áirithe faoi CTCanna. Tá sé de chumhacht ag ÚRCTC freisin imscrúduithe a dhéanamh agus stádas clárúcháin CTCanna a chur ar ceal.

Ceanglaítear le hAlt 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 ar an Rialálaí, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí, agus Digitiúcháin.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Rialálaí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdaí go leanfaidh sé ar aghaidh a bheith ag feidhmiú, agus
- a lua ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Rialálaí freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnach ag aon tráth, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gclóíonn na Ráitis Airgeadais le hAlt 21 den Acht. Tá an Rialálaí freagrach as caomhnú agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh Gréasáin ÚRCTC.

Tá an Rialálaí freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht ÚRCTC trí thagairt a dhéanamh don

phlean agus don bhuiséad bliantúil. Tá an Rialálaí freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Breithníonn an Rialálaí go dtugann Ráitis Airgeadais ÚRCTC léiriú fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais ÚRCTC amhail ar an 31 Nollaig 2025.

Ceanglaíonn Alt 8 den Acht ar ÚRCTC glacadh le Cód lompair chun déileáil le coinbhleachtaí leasa agus chun muinín an phobail as ionracas a ghnó a chur chun cinn. Tá an Cód lompair ar ghlac ÚRCTC leis ar fáil ar a shuíomh Gréasáin. Tá forálacha an Chóid lompair i gcomhréir freisin le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Struchtúr an Rialálaí

Cuimsítear leis an Rialálaí an Cathaoirleach agus 9 ngnáthchomhalta, agus is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a cheapann gach duine acu i ndiaidh próiseas a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i gcrích. Ceapadh comhaltaí an Rialálaí ar feadh tréimhse cúig bliana agus tá rogha ann chun síneadh a chur le téarma breise amháin.

Comhalta Rialála	Ról	An Dáta ar ar Ceapadh
Eddie Lewis	Cathaoirleach	11/02/2021
Séamus Neely	Comhalta Rialála	11/02/2021
Geraldine Hynes	Comhalta Rialála	11/02/2021
Nicola Dunleavy	Comhalta Rialála	01/10/2025
Jillian Mahon	Comhalta Rialála	11/02/2021
Ken Owens	Comhalta Rialála	01/10/2025
Sean Cremen	Comhalta Rialála	01/10/2025
John McCarthy	Comhalta Rialála	11/02/2021
Oonagh Breen	Comhalta Rialála	11/02/2021
Michael Cameron (RA)	Comhalta Rialála	11/02/2021

Bhunaigh an Rialtóir **Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)** ar a bhfuil cúig chomhalta (ceithre chomhalta den Rialtóir agus comhalta seachtrach amháin). Cheap an Rialálaí, Patricia Golden, comhalta seachtrach i mí na Nollag 2023. Athcheapadh Jillian Mahon agus John McCarthy le linn 2024, athcheapadh Oonagh Breen i mí na Bealtaine 2025 agus d'éirigh sí as an 24 Samhain 2025. Ceapadh Ken Owens agus Sean Cremen ar an 24 Samhain 2025. Is iad seo a leanas comhaltaí reatha CIR: Jillian Mahon, John McCarthy, Ken Owens, Sean Cremen agus Patricia Golden. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca don Rialálaí i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Is é ról an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca tacú leis an Rialálaí maidir lena fhreagrachtaí i gcúrsaí a bhaineann le riosca, rialú agus dearbhú gaolmhar. Tá

an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta ó lá go lá. Tionóladh cúig chruinniú den CIR sa bhliain go dtí mí na Nollag 2025.

Bhunaigh an Rialálaí **Coiste Dlí agus Rialála (CDR)**. Is iad téarmaí tagartha an Choiste Dlí agus Rialála tacú go sonrach leis an Rialálaí maidir le hathbhreithniú agus maoirseacht chreat reachtaíochta agus chur chuige rialála ÚRCTC. D'éirigh Orla Coyne as an CDR i mí Eanáir 2025 agus níor fhreastail sí ar aon chruinnithe. Ceapadh Nicola Dunleavy sa CDR ar an 24 Samhain 2025. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Nicola Dunleavy, Geraldine Hynes, Michael Cameron agus Seamus Neely. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2025.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal tinrimh maidir le cruinnithe an Rialálaí agus an Choiste don bhliain go dtí mí na Nollag 2025, lena n-áirítear na táillí agus na costais a thuill gach comhalta.

	Rialálaí	CIR	An Coiste Dlí agus Rialála	Táillí 2025 €	Costais 2025 €
	9	5	4		
Eddie Lewis	9	-	-	8,978	-
Séamus Neely	9	-	4	5,985	937
Orla Coyne (Éirithe as)***	0/0	-	-	328	-
Geraldine Hynes	6	-	3	5,985	-
Jillian Mahon	9	5	-	5,985	-
John McCarthy	9	5	-	5,985	160
Nicola Dunleavy	2	-	-	1,496	-
Ken Owens	2	-	-	1,496	-
Sean Cremen	2	-	-	1,496	-
Oonagh Breen*	9	5	-	-	-
Michael Cameron (RA)*	3	-	3	-	519
Patricia Golden**	-	5	-	-	-
				37,734	1,616

*Bhí beirt chomhaltaí, Oonagh Breen agus Michael Cameron (RA), nach bhfuair táillí an Rialtóra faoi phrionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

Ní íoctar luach saothair i leith post chomhalta sheachtraigh CIR.

*** Íocfar suim €2,494 atá dlite do Orla Coyne i leith seirbhísí don Bhord le haghaidh 2024 in 2026.

Fuair Eileen Gleeson (a d'éirigh as) íocaíocht €2,328 in 2025.

Príomhathruithe Pearsanra

D'éirigh Kerrie-Ann Doyle as mar an gCeann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha ar an 24 Iúil 2025.

Ceapadh Allwynne Bird mar an gCeann Seirbhísí Corparáideacha an 5 Eanáir 2026.

Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Rialálaí freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚRCTC ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Dígitiúcháin i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

Sochair Ghearrthéarmacha Fostai

Déantar sochair gearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a rangú sna bandaí seo a leanas:

Raon sochar iomlán na bhfostaithe	Líon na bhFostaithe 2025	Líon na bhFostaithe 2024
Ó Go		
€60,000 - €69,999	4	4
€70,000 - €79,999	-	1
€80,000 - €89,999	1	2
€90,000 - €99,999	2	-
€100,000 - €109,999	-	-
€110,000 - €119,999	1	-

Tabhair do d'aire: Chun críocha an nochtadh seo, áirítear le sochair fostaithe gearrthéarmacha maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na bliana tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaithe ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra. Ní bhfuair fostaithe liúntais ragoibre ná aon íocaíochtaí eile.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'. Baineann an caiteachas ar Mhonatóireacht agus Anailísíocht Sonraí le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a eascraíonn as imscrúdú reachtúil agus athbhreithniú ar an gclár bliantúil monatóireachta sonraí in ÚRCTC.

	2025 €'000	2024 €'000
Comhairle dlí	40	16
Tacaíocht Cumarsáide	4	25
Pinsin	5	5
Táillí gairmiúla	1	3
Comhairle soláthair	5	15
Sainchomhairleoireacht agus Comhairle Rialachais	-	19
Bainistíocht Meastóireachta agus Measúnaithe	11	49
Monatóireacht agus Anailísíocht Sonraí	250	-
Sainchomhairleoireacht Bainistíochta Cáilíochta	-	57
Sainchomhairleoireacht Rialála	12	44
Costais iomlána sainchomhairleoireachta	328	233
Costais chomhairleoireachta caipitlithe	-	-
Gearrfar na costais sainchomhairleoireachta ar Chúlchistí loncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí loncaim Choimeádta	328	233
Iomlán	328	233

Costais Dlí agus Socruithe

Ní raibh aon chaiteachas sa bhliain tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair ÚRCTC a nochtar sna costais sainchomhairleoireachta thuas.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangaítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

	2025 €'000	2024 €'000
Bord		
- Inmheánach	1,616	817
- Idirnáisiúnta	-	-
Foireann		
- Inmheánach	2,694	1,920
- Idirnáisiúnta	-	-
Iomlán	4,310	2,737

Caiteachais Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:


	2025 €'000	2024 €'000
Fáilteachas foirne agus corparáideach	1	1
Iomlán	1	1

Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá an Rialálaí freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚRCTC ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016. Chomhlíon ÚRCTC an Cód le linn na bliana tuairiscithe.



Eddie Lewis
Cathaoirleach



Fergal O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Dáta: An 18 Bealtaine 2026

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) de réir Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019. Déanaim féin, mar Chathaoirleach an Rialálaí an ráiteas seo de réir an cheanglais atá leagtha amach i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Phoiblí agus Digitiúcháin agus admhaím go bhfuil an Rialálaí freagrach as an gcóras um Rialú Inmheánach. D'fhág an Rialálaí an fhreagracht faoin bPríomhfheidhmeannach as déileáil le saincheistanna bainistíochta agus oibriúcháin agus as tuairisciú don Rialálaí go rialta.

Aidhm an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú chun go mbeidh sé ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnach seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó go mbraitear iad ar bhonn tráthúil.

Tá córas um rialú inmheánach, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Phoiblí agus Digitiúcháin - Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) bunaithe ag an Rialálaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Úsáideann ÚRCTC soláthraí seachtrach chun gach seirbhís chuntasaíochta agus párolla a sholáthar lena n-áirítear gach tuairisceán ábhartha. Déantar gach próiseas agus freagracht a dhoiciméadú ina lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais, lena n-áirítear faomhadh gach idirbheart ioncaim agus caiteachais a bhaineann le ÚRCTC, a d'athbhreithnigh agus a d'fhaomh foireann ardbhainistíochta ÚRCTC. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar phróisis rialaithe inmheánaigh ÚRCTC i mí na Samhna 2025 agus bhí toradh sásúil air.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Cheap ÚRCTC soláthraí seachtrach trí sholáthar poiblí chun a sheirbhísí tacaíochta TFC go léir a sholáthar do ÚRCTC lena n-áirítear meicníochtaí slándála chun leordhóthanacht TFC, cibearshlándáil, réitigh teicneolaíochta faisnéise agus tacaíochtaí a chinntiú chun feidhmeanna ÚRCTC a chumasú. Tá gach beartas agus nós imeachta ÚRCTC a bhaineann le TFC doiciméadaithe agus déanann foireann ardbhainistíochta ÚRCTC monatóireacht orthu.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Tá córas um Rialú Inmheánach ÚRCTC bunaithe ar chreat maidir le faisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmhigin agus cuntasachta. Áirítear leis, go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a ndéanann an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú rialta air.
- Athbhreithnithe rialta ón bhfoireann bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla.
- Córas bainistíochta riosca atá oiriúnach don fheidhm.
- Rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail cuí.
- Fócas cuí ar dhea-chleachtas i soláthar agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirilínte ábhartha go léir a chinntiú.
- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Rialálaí (CIR) lena bhfuil téarmaí tagartha soiléire, atá ag teacht leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Sceideal rialta maidir le cruinnithe de chuid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca inar cuireadh tuairiscí nuashonraithe ar chaiteachas ar fáil do chomhaltaí. Ardaítear aon cheistanna leis an Rialálaí.
- Freagrachtaí bainistíochta sannta go soiléir, agus cuntasacht chomhfheagrach doiciméadaithe sa lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais.
- Iniúchadh inmheánach bliantúil ar rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha.

Acmhainneacht chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iníúcháireachta agus Riosca ag ÚRCTC ar a bhfuil ceathrar comhaltaí den Rialtóir agus comhalta seachtach amháin a ceapadh i mí na Nollag 2023. Tháinig an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huairé sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

Cheap ÚRCTC feidhm iniúchta inmheánaigh trí phróiseas soláthair sa bhliain 2022. Cheadaigh an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca cairt iniúchta agus straitéis iniúchta inmheánaigh (2022-2026) i mí Dheireadh Fómhair 2022. Rinneadh ceithre iniúchadh inmheánacha sa bhliain 2025 inar clúdaíodh an méid seo a leanas: Bainistíocht Soláthair, Athbhreithniú ar fhreagrachtaí comhlíontachta, Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha agus Athbhreithniú ar mholtaí na bliana roimhe sin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ag ÚRCTC ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Chuir ÚRCTC córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, sa mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shaináithníonn na príomhrioscaí atá roimh ÚRCTC agus rinneadh iad seo a shaináithint, a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta. Déanann an Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Bíonn riosca ina mhír sheasta ar an gclár oibre ag cruinnithe an Rialálaí freisin. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith a mhaolú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na tosca seo a leanas i bhfeidhm:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a ndéanann an fhoireann bainistíochta shinsearaí athbhreithniú rialta air,

- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe inmheánaigh. Cuirtear easnaimh rialaithe, nuair a bhraitear iad, in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus déantar tuairisciú ar aon easnaimh a aithníodh.

Soláthar

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an ÚRCTC chun cloí leis na rialacha agus na treoirlinnte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Tá conradh aonair ann, maidir le tacaíocht a thabhairt do chóras TF riachtanach a síneadh thar théarma bunaidh an chonartha i ndiaidh faomhadh a fháil trí phróiseas chás gnó na heagraíochta. Faomhadh na síntí sin i gcomhréir le próisis rialachais agus faofa inmheánacha ÚRCTC. Ba é €39,744 gan CBL luach an chonartha bhunaidh agus ba é €30,841 gan CBL luach síntí conartha ina dhiaidh sin go dtí deireadh na bliana 2025.

Dámhadh an conradh sin i ndiaidh comórtas náisiúnta (faoi bhun thairseach an AE). Tá na síntí a cuireadh i bhfeidhm ar an gconradh comhsheasmhach leis na príonsabail atá leagtha amach in Airteagal 72 (Modhnú conarthaí le linn a dtéarma) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014. I dteannta leis an síneadh conartha sin, tá cás gnó agus plan soláthair á bhforbairt ag ÚRCTC do Chóras Bainistíochta Faisnéise agus Sonraí Rialála.

Tá luach iomlán an chonartha bhunaidh agus síntí ina dhiaidh sin fós laistigh de na tairseacha maidir le tairiscintí náisiúnta is infheidhme ag an am.

Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Le linn 2025, chríochnaigh ÚRCTC fardal fisiceach iomlán de shócmhainní agus trealamh oifige, lena sainaitníodh nach bhféadfaí ceithre ríomhaire glúine (dar luach €2,679 ar an iomlán) a taifeadadh mar stoc neamhleithdháilte a aimsiú. Ní raibh na ríomhairí glúine sin sannta do bhaill foirne agus bhí siad á gcoinneáil i stóras lena n-úsáid amach anseo. Tá ÚRCTC ábalta a dheimhniú leis an Soláthraí Seirbhísí Bainistithe nach raibh aon fhaisnéis íogair sna ríomhairí glúine agus nár úsáideadh iad riamh ar líonra ÚRCTC.

I ndiaidh na faidhbe sin, chuir ÚRCTC roinnt bearta rialaithe neartaithe i bhfeidhm. Tá clibeanna aonair anois ar an trealamh TFC agus oifige uile agus tá siad faoi réir nósanna imeachta rianaithe feabhsaithe, agus déantar athbhreithniú bliantúil ar fhardal sócmhainní, lena n-áirítear fíorú fisiceach iomlán, agus tuairiscítear na torthaí don lucht ardbhainistíochta. Lena chois sin, tá beartais agus nósanna imeachta airgeadais nuashonraithe chun rialuithe a bhaineann le bainistíocht agus maoirseacht an chlár sócmhainní a neartú.

Seachas an méid thuas, ní raibh aon saincheistean na rialaithe inmheánaigh eile le tuairisciú in 2025.



Eddie Lewis
Cathaoirleach


Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta bunaithe ag ÚRCTC i dtaobh bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha.

Deimhnímid go ndearna ÚRCTC athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2025. Tá ÚRCTC muiníneach ar bhonn réasúnach go bhfuil an córas um Rialú Inmheánach a forbraíodh agus a cuireadh chun feidhme don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025 éifeachtach.

Le linn na bliana ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025, leis an méid seo a leanas, cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht an Rialálaí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- obair na n-iniúcháirí seachtracha,
- obair an iniúchta inmheánaigh,
- obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, agus
- an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothú.



Fergal O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Dáta: An 18 Bealtaine 2026



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 de réir mar is gá faoi fhorálacha roinn 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2025 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán. Creidim gur leor agus gur iomchuí fianaise an iniúchta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe faisnéis áirithe eile i láthair le chéile leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear inti an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil an Rialtóra, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht. Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

John Crean
Ar son agus thar cheann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Bealtaine 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Rialtóra

Leagtar amach i ráiteas rialachais agus tuarascáil an rialtóra freagrachtaí an Rialtóra maidir le

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid atá leagtha amach faoi alt 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019.
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi roinn 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus tuarascáil a thabhairt ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise nó earráide.

Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithefear míshonrú ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta.

D'fhéadfadh míshonruithe teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um mhíshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise an iniúchta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míshonrú ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnó, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtáí lena mbaineann.
- cinnim ar chuibriúlacht úsáide bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht agus, bunaithe ar fhianaise

iniúcháireachta a fuarthas, cé acu an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtáí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtáí sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála.

D'fhéadfadh go gcuirfidh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe stop le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach mar thoradh ar imeachtaí nó cúinsí amach anseo, áfach.

- déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtáí, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas maidir le, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Déanaim tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €'000	2024 €'000
Ioncam			
Deontais an Oireachtais	2	3,436	3,020
Ús Faighte		3	12
Maoiniú sochair scoir iarchurtha	13(iv)	264	215
Ioncam Iomlán		3,703	3,247
Caiteachas			
Costais na mBall Foirne	3	2,236	1,709
Imscrúduithe	4	31	169
Táillí agus Costais Rialachais	5	41	65
Teicneolaíocht Faisnéise	6	216	119
Táillí Proifisiúnta	7	531	426
Cumarsáid	8	53	41
Costais oifige agus eile	9	381	375
Costais Sochair Scoir	13(ii)	150	123
Caiteachas Iomlán		3,639	3,033
Barrachas don bhliain		64	214
Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail ar an 1 Eanáir		370	156
Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail ar an 31 Nollaig		434	370

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe. Cuimsítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Eddie Lewis
Cathaoirleach



Fergal O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Dáta: An 18 Bealtaine 2026

Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh


Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €'000	2024 €'000
BARRACHAS DON BHLIAIN AIRGEADAIS		64	214
(Caillteanais)/gnóthachain taithí ar oibleagáidí sochair scoir	13(iii)	24	132
Athrúithe ar thoimhdí atá mar bhonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir	13(iii)	200	70
Gnóthachain / (caillteanais) iomlána achtúireacha in aghaidh na bliana		224	202
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha		(224)	(202)
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain		64	214

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Eddie Lewis
Cathaoirleach



Fergal O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Dáta: An 18 Bealtaine 2026

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2025

	Nótaí	31 Nollaig 2025 €'000	31 Nollaig 2024 €'000
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
Infháltais	10	135	104
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	11	729	595
		864	699
<u>Dliteanais reatha (Suimeanna ag titim atá dlite laistigh de bhliain amháin)</u>			
Suimeanna iníoctha	12	430	329
Glansócmhainní Reatha		434	370
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha		434	370
<u>Sochair Scoir</u>			
Oibleagáidí sochair scoir	13	(495)	(455)
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha	13	495	455
		-	-
Glansócmhainní		434	370
<u>Ag léiriú</u>			
Cúlchistí Coimeádta Ioncaim		434	370
		434	370

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Eddie Lewis
Cathaoirleach



Fergal O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Dáta: An 18 Bealtaine 2026

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €'000	2024 €'000
Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas don bhliain		64	214
(Méadú) ar Infháltais	10	(31)	(8)
Méadú ar Iníoctha	12	101	5
Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		134	211
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Aistrithe (chuig an)/ón gcuntas caipitil		-	-
Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		-	-
Méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana		595	384
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana		729	595

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta ar ghlac ÚRCTC leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad le linn na bliana.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) an 1 Feabhra 2021. Is é an ról atá ag an ÚRCTC ná maoirseacht a dhéanamh ar rialachas éifeachtach, ar bhainistíocht airgeadais agus ar fheidhmíocht na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) go léir. Tá a phríomhoifig ag an 4ú hUrlár, Teach Grattan, 67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá ÚRCTC ina Eintiteas Tairbhe Phoiblí.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais ÚRCTC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 de réir na reachtaíochta is infheidhme, agus FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) sa Ríocht Aontaithe.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn an gnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus comhlíonann siad caighdeáin tuairiscithe airgeadais na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais, ach amháin mar a léirítear i nDeontais an Oireachtais thíos. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhísí Poiblí agus Digitiúcháin. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in Euro arb é airgeadra feidhmiúil ÚRCTC é.

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025. Is iad na figiúirí comparáideacha don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2024. Tá faisnéis chomparáideach áirithe ann a athaicmíodh lena déanamh comhsheasmhacht le nothaí na bliana reatha.

d) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Éilítear le hullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus

dliteanais ar dháta an ráitis ar an staid airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam costas le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhair a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasáí ag na breithiúnais seo a leanas ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

Oibleagáidí Sochair Scoir

Déantar na boinn tuisceana atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costas cúram sláinte) ar bhonn bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta; agus
- (ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí agus dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo.

e) Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam sna Ráitis Airgeadais faoi Dheontais ar bhonn fáltais airgid agus léiríonn sé maoiniú a sholáthraítear do ÚRCTC trí Vóta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

f) Ioncam úis

Aithnítear ioncam a aithnítear sna Ráitis Airgeadais faoi ioncam úis ar bhonn fáltais airgid agus léiríonn sé ús a fuair ÚRCTC sa tréimhse.

g) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Léirítear airgead tirim le taise le hinstiúid airgeadais.

h) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro agus déantar iad a thaifeadadh ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe nó ag rátaí conartha réamhcheannaigh nuair is ann do na conarthaí sin.

i) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair scoir

Feidhmíonn ÚRCTC Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair). Tá gach ball foirne ina gcomhalta den Scéim Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann an Scéim Aonair foráil ar phinsin sochair atá sainithe de réir innéacs-nasctha praghsanna do thomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme. Déanann ÚRCTC na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na mball foirne atá mar chuid den scéim agus aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin ar bhonn míosúil de réir fhorálacha na Scéime.

j) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Choimeáda thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa. Bhog ÚRCTC isteach in áitreabh nua i mí Eanáir 2023. Tá suim €106K do léas an fhoirgnimh sna fabhráithe sna ráitis airgeadais, rud a léiríonn an meánchostas léasa bliantúil thar shaolré an léasa tar éis an tréimhse saor ó chíos a idirbheartaíodh a chur san áireamh. Réadaíodh tréimhse an léasa saor ó chíos sa bhliain 2023. Faoi FRS 102, beidh athruithe suntasacha ar an gcuntasaíocht le haghaidh léasanna oibriúcháin i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2026, rud a cheanglóidh go n-aithneofar formhór na léasanna ar an gclár comhardaithe mar shócmhainní cirt úsáide (SCÚ) agus dliteanais léasa. Is é €2.164m an luach atá le haithint amhail an 31 Nollaig 2025.

2. Deontais an Oireachtais

	2025 €'000	2024 €'000
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht – Vóta 34 – Fotheideal A.26 – Caiteachas Reatha	3,550	3,112
Lúide an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise a íocadh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	(25)	(19)
Lúide ranníocaíochtaí Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí a íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin	(89)	(73)
	3,436	3,020

3. Costais na mBall Foirne

	2025 €'000	2024 €'000
Pá agus Tuarastail	1,897	1,539
ÁSPC Fostóirí	209	168
Foireann Gníomhaireachta	126	-
Taisteal agus Cothú – Foireann (neamhphárolla)	3	2
Costais Foirne Eile (neamhphárolla)	1	-
Pá agus Tuarastail Iomlána	2,236	1,709

a) Líon na bhFostaithe

Ba é líon na mball foirne, lena n-áirítear iasachtaí agus gan foireann gníomhaireachta a áireamh, ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha) ná 34 (2024: 30).

b) Costais na Foirne agus Eolas Fostaithe

Nochtar miondealú ar shochair fostaithe faoi 'Shochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe' sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Rialálaí.

c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon sochair scoir le linn na bliana.

d) Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh Nuacheaptha

Thosaigh Fergal O'Leary a théarma mar Phríomhfheidhmeannach ar an 9 Meán Fómhair 2024. Fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail de €32,017 in 2024. In 2025, fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail de €114,741.

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh a d'Éirigh As

Chríochnaigh Susanna Lyons a téarma mar Phríomhfheidhmeannach ar an 25 Aibreán 2024. Fuair an Príomhfheidhmeannach amach íocaíochtaí tuarastail de €42,335 in 2024.

Is é seo a leanas luach saothair an phríomhfheidhmeannaigh a d'éirigh as agus an phríomhfheidhmeannaigh nuacheaptha:

	2025 €'000	2024 €'000
Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh a d'Éirigh As (go 25 Aibreán 2024)	-	43
Príomhfheidhmeannach Nuacheaptha (Ón 9 Meán Fómhair 2024)	115	32
	115	75

Ní bhfuair an príomhfheidhmeannach a d'éirigh as ná an príomhfheidhmeannach nuacheaptha aon íocaíochtaí feidhmíochta nó aon sochar comhchineáil eile le linn na bliana. Ní théann teidlíochtaí pinsin na bPríomhfheidhmeannach thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair atá sainithe de réir na hearnála poiblí.

4. Imscrúduithe	Tabhair do d'aire:	2025 €'000	2024 €'000
Imscrúdú	4.1	-	169
Ceachtanna a Foghlaimíodh	4.2	21	-
Próiseáil Faisnéise Airgeadais/Dlíthiúla maidir le Clárú		10	-
Costais Imscrúdaithe Iomlána		31	169

4.1 Ní raibh aon imscrúduithe ann in 2025

4.2 Rinneadh cleachtadh meastóireacht próiseas iar-imscrúdaithe in 2025

5. Táillí agus Costais Rialachais	Tabhair do d'aire:	2025 €'000	2024 €'000
Táillí Comhalta an Rialálaí		38	43
Costais Chruinnithe an Rialálaí		1	2
Costais Taistil Chomhalta an Rialálaí		2	1
Sainchomhairleoireacht agus Comhairle Rialachais	5.1	-	19
Táillí agus Costais Rialachais Iomlána		41	65

5.1 Baineann an tSainchomhairleoireacht agus Comhairle Rialachais don bhliain 2024 le meastóireacht sheachtrach ar an mBord a rinneadh le linn na bliana

a) Costais Rialálaí de réir Comhalta

	2025 €'000	2024 €'000
Eddie Lewis	8,978	8,978
Séamus Neely	5,985	5,985
Eileen Gleeson	-	4,489
Nicola Dunleavy	1,496	-
Ken Owens	1,496	-
Sean Cremen	1,496	-
Geraldine Hynes	5,985	5,985
Jillian Mahon	5,985	5,985
John McCarthy	5,985	5,985
Oonagh Breen	-	-
Michael Cameron (RA)	-	-
Orla Coyne	328	5,985
	37,734	43,392

6. Teicneolaíocht Faisnéise	Tabhair do d'aire:	2025 €'000	2024 €'000
Bogearraí TF	6.1	86	62
Cothabháil agus Forbairt Suímh Gréasáin		15	7
Seirbhísí TF		10	10
Leathanbhanda agus Gutháin		24	20
Trealamh TF	6.2	56	8
Slándáil TF	6.3	25	12
		216	119

6.1 Bhí méadú ar líon agus ar chostas na gceadúnas bogearraí.

6.2 Críochnaíodh uasghrádú ar threalamh closamhairc le linn na bliana.

6.3 Rinneadh cleachtadh cuimsitheach tástála treáite slándála TF.

7. Táillí Proifisiúnta	Tabhair do d'aire:	2025 €'000	2024 €'000
Seirbhísí Cuntasaíochta Airgeadais	7.1	65	45
Iniúchadh		17	16
Iniúchadh Inmheánach		22	34
Gnóthaí Dlí		40	16
Pinsean		6	11
Acmhainní Daonna Seachfhoinsithe	7.2	19	45
Sainchomhairleoirí		7	17
Earcaíocht		57	62
Sainchomhairleoireacht Rialála*	7.3	12	44
Monatóireacht agus Anailísíocht Sonraí	7.4	250	-
Meastóireacht agus Measúnú*	7.5	10	49
Bainistíocht Cáilíochta*	7.6	-	57
Cosaint Sonraí**		26	30
		531	426

7.1 Áirítear leis na Seirbhísí Cuntasaíochta Airgeadais caiteachas chun athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartais agus nósanna imeachta Airgeadais ÚRCTC in 2025.

7.2 Le ceapachán Bainisteora Forbartha Eagraíochtúla AD in 2025, laghdáíodh an caiteachas ar thacaíocht AD a bhí á seachfhoinsíú.

7.3 Rinneadh athbhreithniú ar struchtúr eagraíochtúil ÚRCTC in 2024.

7.4 Baineann an caiteachas ar Mhonatóireacht agus Anailísíocht Sonraí le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a eascraíonn as imscrúdú reachtúil agus athbhreithniú ar an bpróiseas bliantúil monatóireachta sonraí in ÚRCTC.

7.5 Tionscadal aonuaire a bhí sa chaiteachas ar athbhreithniú seachtarach ar nósanna imeachta measúnaithe in 2024.

7.6 Tacaíocht don Bhord maidir leis an Ráiteas Straitéise 2025-2028 a tabháiódh in 2024.

8. Cumarsáid	2025 €'000	2024 €'000
Dearadh agus priontáil	10	6
Costais Cruinnithe	4	1
Cláir Oideachais agus Treorach	9	7
Seirbhísí Aistriúcháin	7	7
Monatóireacht ar na Meáin	2	2
Tacaíocht Cumarsáide	21	24
	53	47

9. Costais Oifige agus Costais Eile	2025 €'000	2024 €'000
Ballraíocht/síntiúis	11	13
Muirir Seirbhíse agus Cíosa	292	272
Oifig lena n-áirítear postas agus stáiseanóireacht	14	9
Oiliúint	35	33
Caiteachais Fáilteachais	1	1
Trealamh Oifige	1	9
Sláinte agus Sábháilteacht	5	6
Cothabháil Oifige	21	29
Nithe eile lena n-áirítear ús bainc agus táillí, seirbhísí aistriúcháin	1	3
	381	375

10. Infháltais	31 Nollaig 2025 €'000	31 Nollaig 2024 €'000
Réamhíocaíochtaí	125	97
Féichiúnaithe Eile	20	7
	135	104

Tá gach infháltas dlite laistigh de bhliain amháin. Áirítear ar Fhéichiúnaithe Eile in 2024 admhálacha infhaighte DSP de €2,098 agus Aisghabháil Tuarastail de €4,837.

Áirítear le Féichiúnaithe Eile in 2025 admhálacha infhaighte DSP de €3,121, ticéid spárála Cánach €725 agus €6,094 don Scéim Rothar chun na hOibre.

	31 Nollaig 2025 €'000	31 Nollaig 2024 €'000
11. Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim		
Airgead tirim ag an mbanc	729	595
	729	595

	31 Nollaig 2025 €'000	31 Nollaig 2024 €'000
12. Suimeanna iníoctha		
Suimeanna ag titim atá dlite laistigh de bhliain amháin:		
Creidiúnaithe a bhaineann le pá	53	44
Fabhruithe	334	252
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	28	5
CBL	3	2
Cárta Creidmheasa	1	1
Creidiúnaithe Trádála	11	25
	430	329

13. Costais Sochair Scoir

i. Soláthar Foirne ÚRCTC

Tá gach comhalta foirne atá fostaithe ag ÚRCTC ina gcomhaltaí den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Aistrítear asbhaintí ó thuarastail na foirne chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin ar bhonn míosúil de réir an Achta.

ii. Anailís ar na costais sochair scoir go léir a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta.

	2025 €'000	2024 €'000
Costas seirbhíse reatha	248	201
Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir	16	14
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe	(114)	(92)
Na costais a ghearrtar ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choimeádta.	150	123

Asbhaineadh Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (ASC) agus Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) de réir riachtanais reachtúla. D'asbhain ÚRCTC €24,764 (2024: €19,185) de ASC in 2025 agus íocadh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta é. D'asbhain ÚRCTC €89,278 (2024: €73,316) de SPSPS in 2025 agus d'íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin é.

iii. Gluaiseacht i nglan-oibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	2025 €'000	2024 €'000
Glan-oibleagáid sochair scoir ag tús na bliana	455	442
Costais seirbhíse reatha	248	201
Costais úis	16	14
Sochair íoctha sa bhliain	-	-
Caillteanas / (gnóthachan) taithí ar dhliteanais	(24)	(132)
Athruithe ar thiomhdí achtúireacha	(200)	(70)
Glan-oibleagáid sochair scoir amhail ar an 31 Nollaig	495	455

iv. Sócmhainn maoinithe iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn ÚRCTC suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a gcuirtear síos orthu thuas agus roinnt teagmhas san am atá thart. Áirítear leis na teagmhais seo an bonn reachtúil do bhunú na scéime sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag ÚRCTC nach leanfar ar aghaidh leis an mbeartas maoinithe seo chun díol as suimeanna den sórt sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha maidir le sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Choimeádta:

	2025 €'000	2024 €'000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha	264	215
	264	215

B'ionann na dliteanais maoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir amhail ar an 31 Nollaig 2025 agus €495,000 (2024: €455,000).

v. Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2025 €'000	2024 €'000
Oibleagáidí sochair shainithe	495	455
Caillteanais/(gnóthachain) taithí ar dhliteanais scéime sochair shainithe	(24)	(132)

vi. Cur síos ar an scéim

Scéim Aonair

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsean ceirde do sheirbhísigh poiblí a fostaíodh ó 2013 i leith. Is scéim shochair shainithe í, le sochair scoir bunaithe ar mheánphá gairme. Gineann an scéim creidmheasanna pinsin agus creidmheasanna cnapshuime scoir do gach ball den scéim. Fabhraíonn na creidmheasanna airgid seo, ar a dtugtar 'suimeanna inchurtha', mar chéatadáin pá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna inchurtha fabhraithe gach bliain a athluacháil go bliantúil go dtí am scoir de réir méaduithe boillsctithe (Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí). Is é an pinsean bliantúil a dhámhtar ar scor ná iomlán carnach suimeanna inchurtha pinsin an chomhalta scéime, agus is é an cnapshuim scoir a dhámhtar, ar an mbealach céanna, iomlán suimeanna inchurtha cnapshuime an chomhalta scéime.

Luacháil

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nothaí FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe inar cuireadh ceanglais an FRS san áireamh chun dliteanais na scéime amháil an 31 Nollaig 2025 a mheas.

Ba iad seo a leanas na príomh-bhoinn tuisceana achtúireacha a úsáideadh chun comhpháirteanna an chostais sochair shainithe agus na n-oibleagáidí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 a ríomh:

	2025	2024
Ráta lascaíne	4.60%	3.50%
Ráta boilscthe	2.20%	2.25%
Méaduithe tuarastail	3.20%	3.25%
Méaduithe pinsin	2.20%	2.25%

Ceadaíonn an bonn mortlaíochta a nglactar leis feabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbeidh ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain a mbaineann comhalta aois scoir (65 bliain d'aois) amach. Tá líon na gcomhaltaí sa Scéim agus líon na mbásanna róbheag chun aon mheastacháin a bhaineann go sonrach leis an Scéim a anailisiú agus a sholáthar ar leibhéal mhortlaíochta sa todhchaí. Is iad seo a leanas an meán-ionchas saoil sa todhchaí de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh chun na dliteanais phinsin a chinneadh:

	2025 Blianta	2024 Blianta
Fear 65 bliain d'aois	22.0	22.2
Bean 65 bliain d'aois	24.3	24.5

14. Ceangaltais Léasa

Níl talamh agus foirgnimh faoi úinéireacht ÚRCTC. Tá gealltanais ag ÚRCTC maidir le léas ar chóiríocht oifige ar an gCeathrú hUrlár, Teach Grattan, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Coinnítear an léas seo ar feadh thréimhse 10 mbliana ar cuireadh tús leis sa bhliain 2022. Tá clásal scoir seacht mbliana ann agus tá athbhreithniú cíosa ann i ndiaidh cúig bliana.

Leagann ÚRCTC amach sa tábla thíos a cheangaltais mheasta maidir le híocaíochtaí bliantúla thar thréimhse an léasa:

	2025 €'000	2024 €'000
Iníochta laistigh de bhliain amháin	309	309
Iníochta laistigh de dhá bhliain go cúig bliana	1,237	1,237
Iníochta os cionn cúig bliana	592	901
	2,138	2,448

15. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann amháil ar an 31 Nollaig 2025.

16. Idirbhearta/ Nochtadh Leasanna Páirtithe Gaolmhara

Comhlíonann ÚRCTC an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le nochtadh leasanna ag an Rialálaí agus ag baill/foireann ÚRCTC. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann lena chinntiú go gcloítear le ceangaltais an Chóid. Níor tuairiscíodh aon idirbhearta páirtí gaolmhar in 2025 (2024: Nialas).

Bhí Príomhbhainistíocht in ÚRCTC comhdhéanta den Rialálaí, Príomhfheidhmeannach, Ceann Clárúcháin agus Measúnaithe, Ceann Maoirseachta Rialála, Ceann Dlí agus Ceann Seirbhísí Corparáideacha. D'éirigh Kerrie-Ann Doyle as mar an gCeann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha ar an 24 Iúil 2025. Ceapadh Allwynne Bird mar an gCeann Seirbhísí Corparáideacha an 5 Eanáir 2026.

Ba é €430,850 (2024: €381,517) an luach saothair iomlán a íocadh le príomhbhainistíocht in 2025.

17. Teagmhais i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon teagmhas idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo a éilíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

18. Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála

Tá freagracht iomlán ar an Rialálaí as comhlíonadh na heagraíochta leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012, a tháinig i bhfeidhm an 16 Márta 2013. Tá an fhreagracht seo tarmilgthe ag an Rialálaí don bhainistíocht.

Cuimsíonn an córas rialaithe inmheánaigh a leithéid de rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Áirítear le córas rialaithe inmheánaigh ÚRCTC rialuithe cuntaisíochta agus ríomhaireachta atá deartha chun a chinntiú go sainiúitear sonraisc agus conarthaí le haghaidh íocaíochta laistigh de na dátaí íocaíochta forordaithe mar atá sainmhínithe san Acht. Tá na rialuithe seo deartha chun cinnteacht réasúnta, cé nach dearbhú iomlán é, a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta. Tá an Rialálaí sásta gur chomhlíon sé forálacha an Achta i ngach gné ábhartha. Íocadh ús €0 sa bhliain.

19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an rialálaí na Ráitis Airgeadais agus shínigh Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Rialálaí iad an 18 Bealtaine 2026.

Suíomh gréasáin: www.ahbregulator.ie
Teil: 01 224 3900 **R:** info@ahbregulator.ie

ÚRCTC, 4ú Urlár, Teach Grattan,
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2,
D02 H638

**An tÚdarás Rialála Comhlachtaí
Tithíochta Ceadaithe**

Approved Housing Bodies
Regulatory Authority

